



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13134/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0302(COD)**

**JUSTCIV 122
JAI 1265
CONSOM 249
COMPET 759
MI 710
FREMP 201
CODEC 1407
TELECOM 391
CYBER 315
DATAPROTECT 268**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Meán Fómhair 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 495 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 495 final.

Faoi iamh: COM(2022) 495 final



An Bhruiséal, 28.9.2022
COM(2022) 495 final

2022/0302 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

{SEC(2022) 343 final} - {SWD(2022) 315 final} - {SWD(2022) 316 final} -
{SWD(2022) 317 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

1.1. Forais agus cuspóirí an togra

Tá an meabhrán míniúcháin seo ag gabháil leis an togra le haghaidh treoir maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha lena n-aisghairtear Treoir 85/374/CEE¹ (an Treoir maidir le dliteanas táirgí nó PLD).

Is é an cuspóir leis an PLD córas ar leibhéal AE a chur ar fáil chun cúiteamh a thabhairt do dhaoine dá dtarlaíonn díobháil fhisiciúil nó damáiste dá maoin mar gheall ar tháirgí lochtacha. Ó glacadh an PLD in 1985, tá athruithe suntasacha tagtha ar an dóigh a dtáirgtear, a ndáiltear agus a n-oibrítear táirgí, lena n-áirítear nuachóiriú ar na rialacha maidir le sábháilteacht táirgí agus faireachas margaidh. Tá an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach faoi bhealach agus tugtar buntáistí ollmhóra leo do shochaí agus do gheilleagar na hEorpa, bíodh sin trí shaolré ábhar agus na táirgí a leathnú, e.g. trí athmhonarú, nó trí tháirgiúlacht agus ásiúlacht a mhéadú a bhuí le táirgí cliste agus intleacht shaorga.

Sa mheastóireacht ar an PLD² a rinneadh in 2018 mar chuid de chlár an Choimisiúin um oiriúnacht agus um fheidhmíocht rialála (REFIT), cinneadh gur ionstraim éifeachtach ábhartha a bhí sa PLD ina iomláine. Bhí roinnt easnamh sa Treoir freisin, áfach:

- bhí sé doiléir ó thaobh an dlí de conas sainmhínte agus coincheapa atá deich mbliana is fiche sa PLD a chur i bhfeidhm ar tháirgí sa gheilleagar digiteach agus sa gheilleagar ciorclach nua-aimseartha (e.g. bogearraí agus táirgí a dteastaíonn bogearraí nó seirbhísí digiteacha ina leith le go bhfeidhmeoidh siad, amhail gléasanna cliste agus feithiclí uathrialaitheacha);
- bhí an dualgas cruthúnais (i.e. an gá, chun cúiteamh a fháil, lena chruthú go raibh an táirge lochtach agus gurbh é sin ba chúis leis an damáiste a rinneadh) dúshlánach do dhaoine díobháilthe i gcásanna casta (e.g. daoine a bhfuil baint acu le cógaisíocht, le táirgí cliste nó le táirgí atá le cuidiú IS);
- cuireadh teorainn iomarcach leis na rialacha leis an bhféidearthacht éilimh ar chúiteamh a dhéanamh (e.g. níl damáiste maoin ar fiú níos lú ná EUR 500 é inghnóthaithe faoin PLD).

Rinneadh anailís bhreise ar easnamh na Treorach i réimse na dteicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn sa Pháipéar Bán ar Intleacht Shaorga (AI)³, sa tuarascáil a ghabhann leis ar dhliteanas le haghaidh IS, Idirlíon na nEarraí⁴ agus róbataic agus i dtuarascáil an

¹ Treoir 85/374/CEE ón gComhairle maidir le comhfhogasú fhorálacha reachtaíochta, rialacháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha, IO L 210, 7.8.1985, lch. 29.

² Meastóireacht ar an Treoir maidir le Dliteanas i leith Táirgí, [SWD\(2018\)157](#).

³ [An Coimisiún Eorpach, Páipéar Bán ar Intleacht Shaorga - Cur chuige Eorpach i leith an bhairr feabhais agus na hiontaoibhe, COM\(2020\) 65 final, 2020.](#)

⁴ [An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil ar impleachtaí sábháilteachta agus dliteanais IS, Idirlíon na nEarraí agus an Róbataic, COM\(2020\) 64 final, 2020.](#)

tSainghrúpa um Dhliteanas agus Teicneolaíochtaí Nua⁵. Leag Parlaimint na hEorpa béim freisin ar an ngá le rialacha dliteanais atá oiriúnaithe don domhan digiteach, chun ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus cothroime iomaíochta le deimhneacht dhlíthiúil do gach gnólacht a áirithiú, agus costais arda agus rioscaí do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide (FBManna) agus do ghnólachtaí nuathionscanta á seachaint⁶.

Is é an aidhm atá leis an athbhreithniú ar an PLD feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, saorghluaiseacht earraí, iomaíocht neamhshaofa idir oibreoirí margaidh, agus ardleibhéal cosanta do shláinte agus do mhaoin tomhaltóirí a áirithiú. Tá sé mar aidhm, go háirithe, leis an togra seo:

- a áirithiú go léireofar le rialacha dliteanais cineál agus rioscaí na dtáirgí san ré dhigiteach agus sa gheilleagar ciorclach;
- a áirithiú gurb ann i gcónaí do ghnólacht atá bunaithe san Aontas Eorpach ar féidir é a chur faoi dhliteanas i leith táirgí lochtacha a cheannaítear go díreach ó mhonaróirí lasmuigh den Aontas Eorpach, i bhfianaise na treochta tomhaltóirí atá ag méadú táirgí a cheannach go díreach ó thíortha nach tíortha de AE iad gan monaróir ná allmhaireoir a bheith bunaithe san Aontas Eorpach;
- an dualgas cruthúnais i gcásanna casta a mhaolú agus srianta ar éilimh a dhéanamh a mhaolú, agus á áirithiú go mbeidh cothromaíocht chóir ann idir leasanna dlísteanacha monaróirí, daoine díobháilaithe agus tomhaltóirí i gcoitinne; agus
- deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú trí PLD a ailíniú ar bhealach níos fearr leis an gcreat reachtach nua a cruthaíodh le Cinneadh 768/2008/CE⁷ agus le rialacha sábháilteachta táirgí, agus trí chásdlí a bhaineann le PLD a chódú.

1.2. Comhsheasmhacht le forálacha atá sa réimse beartais cheana

Tá córais náisiúnta dliteanais i ngach Ballstát lena gceadaítear éilimh ar chúiteamh i gcásanna níos tromchúisí ná mar a cheadaítear faoin PLD: is féidir éilimh dhíreacha a dhéanamh i gcoinne réimse níos leithne daoine atá faoi dhliteanas i leith réimse níos leithne damáistí. Clúdaítear sna héilimh sin seirbhísí chomh maith le táirgí, agus is minic a thugann siad níos mó ama chun éileamh a dhéanamh. Ní mór do dhaoine díobhalaithe, áfach, locht an aimhleastóra a chruthú⁸, rud nach bhfuil riachtanach faoin PLD. Ní théann an PLD, mar chóras dliteanais gan locht (docht), i bhfeidhm ar na cearta sin, mar sin tá an PLD comhsheasmhach leis na córais náisiúnta níos leithne. Ina theannta sin, tá roinnt ionstraimí comhlántacha ann maidir le dliteanas ar leibhéal AE agus tá cur síos déanta orthu thíos.

⁵ [Sainghrúpa um Dhliteanas agus Teicneolaíochtaí Nua](#) (2019), [Tuarascáil](#) maidir le Dliteanas i leith na hintleachta saorga agus teicneolaíochtaí digiteacha eile atá ag teacht chun cinn.

⁶ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2020 maidir le moltaí don Choimisiún maidir le córas dliteanais shibhialta i leith na hintleachta saorga (2020/2014(INL).

⁷ Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 i ndáil le creat coiteann maidir le táirgí a mhargú, agus lena n- aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 82).

⁸ Ag brath ar na cúinsí, d'fhéadfadh éileamh ar dhiandliteanas a bheith ag íospartaigh ar an leibhéal náisiúnta freisin nach gá dóibh locht a chruthú ina leith, mar shampla éilimh i gcoinne úinéirí feithiclí i bhformhór na mBallstát.

- Faoin *Sale of Goods Act*⁹ agus faoin Treoir maidir le hÁbhar Digiteach¹⁰ agus Seirbhísí tá sé de cheart ag tomhaltóirí chun earraí a leigheas, i.e. a athsholáthar, a dheisiú nó aisíocaíocht a fháil ina leith, nuair nach bhfuil an t-earra, lena n-áirítear ábhar digiteach nó seirbhís dhigiteach, i gcomhréir leis an gconradh nó nuair nach n-oibríonn an t-earra mar is ceart. Baineann na dlíthe sin le **dliteanas conarthach**, ach baineann an PLD le dliteanas seach-chonarthach táirgeoirí i leith díobhálacha/damáiste de bharr easpa sábháilteachta.
- Baineann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)¹¹ le **dliteanas próiseálaithe agus rialaitheoirí sonraí** i leith damáiste ábhartha nó neamhábhartha a eascraíonn as próiseáil sonraí lena sáraítear an RGCS, ach ní dhéantar foráil sa togra PLD maidir le cúiteamh ach amháin as cailleanais ábhartha a mbíonn bás, díobháil phearsanta, damáiste do mhaoín agus caillteanas nó éilliú sonraí mar thoradh orthu.
- Leagtar amach sa Treoir **maidir le Dliteanas Comhshaoil**¹² creat chun damáiste don chomhshaoil a chosc agus a leigheas. Pléitear inti an damáiste éiceolaíoch amhail damáiste do speicis faoi chosaint agus gnáthóga nádúrtha, seachas damáiste do mhaoín faoi úinéireacht phríobháideach, atá clúdaithe faoin PLD.

Tá sé mar aidhm le reachtaíocht AE maidir le sábháilteacht táirgí a áirithiú nach gcuirfear ach táirgí sábháilte ar an margadh inmheánach. Má chumhdaítear iad sa reachtaíocht earnála (e.g. maidir le hinnealra, táirgí cógaisíochta, bréagáin, trealamh raidió), ní mór dóibh na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach iontu a chomhlíonadh. Seachas sin, tagann siad faoin Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí¹³ agus éilítear go mbeidh siad sábháilte¹⁴. Forfheidhmítear rialacha sábháilteachta le rialacha faireachais margaidh¹⁵, lena n-áirithítear cosaint do thomhaltóirí trí tháirgí neamhchomhlíontacha a scaiptear a stopadh nó a dhéanamh comhlíontach. Níl forálacha sonracha sa reachtaíocht sábháilteachta táirgí maidir le dliteanas gnólachtaí, ach tagraítear inti go bhfuil an PLD i bhfeidhm i gcás go ndéantar damáiste le táirge lochtach. Is sásraí comhlántacha iad sábháilteacht táirgí agus dliteanas táirgí mar sin chun margadh aonair feidhmiúil a bhaint amach d'earraí lena n-áirithítear leibhéal arda sábháilteachta. Tá roinnt tograí reachtacha á gcaibidliú faoi láthair i réimse na sábháilteachta táirgí:

⁹ Treoir (AE) 2019/771 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí.

¹⁰ Treoir (AE) 2019/770 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí chun ábhar digiteach agus seirbhísí digiteacha a sholáthar.

¹¹ Rialachán (AE) 2016/679 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (RGCS).

¹² Treoir 2004/35/CE maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste don chomhshaoil a chosc agus a leigheas.

¹³ Treoir 2001/95/CE (an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí).

¹⁴ Thar an reachtaíocht earnála agus an Treoir Ghinearálta maidir le Sábháilteacht Táirgí, tá reachtaíocht a bhaineann go sonrach le teicneolaíocht ann freisin ach reachtaíocht maidir le sábháilteacht táirgí cothrománacha, go háirithe an Gníomh IS atá beartaithe.

¹⁵ Arna bhunú le Rialachán (AE) 2019/1020 maidir le faireachas margaidh.

- Tá sé mar aidhm leis an dréacht-**Ghníomh um Intleacht Shaorga**¹⁶ a áirithiú go gcomhlíonfaidh córais IS ardriosa ceanglais sábháilteachta agus chearta bunúsacha (e.g. rialachas sonraí, trédhearcacht, formhaoirseacht dhaonna). Cinnteofar leis an togra PLD, i gcás go mbeidh córais IS lochtach agus i gcás go mbeidh siad ina gcúis le díobháil fhisiciúil, damáiste do mhaoin nó cailliúint sonraí, gur féidir cúiteamh a lorg ó sholáthraí an chórais IS nó ó aon mhonaróir a chomhtháthaíonn córas IS i dtáirge eile.
- Is é is aidhm leis an **Rialachán maidir le hInnealra**¹⁷ atá beartaithe agus leis an **Rialachán Ginearálta maidir le Sábháilteacht Táirgí**¹⁸ (GPSR) lena n-athbheithnítear an Treoir maidir le hInnealra agus an Treoir Ghinearálta maidir le Sábháilteacht Táirgí atá ann cheana, ina réimsí féin, aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le digitíú i réimse na sábháilteachta táirgí, ach ní sa réimse dliteanais. Leis an togra GPSR forchuirtear oibleagáidí breise ar na soláthraithe seirbhíse sin chun dul i ngleic le díolachán táirgí neamhshábháilte ar líne. Leagtar amach sa **Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha**¹⁹ a glacadh le déanaí rialacha cothrománacha do sholáthraithe seirbhíse idirghabhála ar líne, lena n-áirítear margaidí ar líne. I gcás ina ndéanann ardáin ar líne táirgí lochtacha a mhonarú, a allmhairiú nó a dháileadh, beidh siad faoi dhliteanas ar na téarmaí céanna le hoibreoírí eacnamaíocha den sórt sin. Uair nach mbíonn ach ról idirmheánach ag ardáin ar líne i ndíol táirgí idir trádálaithe agus tomhaltóirí, cumhdaítear iad le díolúine ó dhliteanas coinníollach faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Ní bhaineann aon cheann de na bearta sin le dliteanas i leith táirgí lochtacha. Leagtar amach sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha na coinníollacha faoinar féidir ardáin a fheidhmiú mar idirghabhálaí a dhíolmhú ó dhliteanas.

I réimse na cibearshlándála, tá sé mar aidhm leis an nGníomh um Chibearshlándáil²⁰ agus leis ngníomh tarmlichte²¹ faoin Treoir maidir le Trealamh Raidió²² rioscaí cibearshlándála a mhaolú, ach ní rialaítear dliteanas monaróirí leo. An togra le déanaí le haghaidh **Gníomh maidir le Cibear-athléimneacht**²³, cuireann sé le rialacha atá ann cheana chun monaróirí agus forbróirí bogearraí a spreagadh le rioscaí cibearshlándála a mhaolú, ach ní thabharfar aghaidh ar dhliteanas leo.

¹⁶ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuíbhithe maidir le hintleacht shaorga (Gníomh IS), COM (2021) 206 final.

¹⁷ COM(2021) 202 final.

¹⁸ COM(2021)346 final, a thiocfaidh in ionad an GPSD agus Threoir 87/357/CEE ón gComhairle.

¹⁹ Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE, COM(2020) 825 final.

²⁰ Rialachán (AE) 2019/881 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus s maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (An Ghníomh um Chibearshlándáil) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 151, 7.6.2019, lgh. 15-69.

²¹ Rialachán Tarmlichte (AE) 2022/30 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm na mbuncheanglas dá dtagraítear in Airteagal 3(3), pointe (d), pointe (e) agus pointe (f), den Treoir sin.

²² Treoir maidir le Trealamh Raidió 2014/53/AE, Airteagal 3(3)(e) agus Airteagal 3 (3)(f).

²³ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020, COM(2022) 454 final.

Maidir leis an ngeilleagar ciorclach, fógraíodh sa phlean²⁴ gníomhaíochta don gheilleagar ciorclach 2020 beartas maidir le táirgí inbhuanaithe chun táirgí ardchaighdeán, feidhmiúla agus sábháilte a sholáthar arna ceapadh lena n-athúsáid, lena ndeisiú, lena n-athmhonarú agus lena n-athchúrsáil ar ardchaighdeán. Ní dhéantar machnamh sa phlean gníomhaíochta ar bhearta maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha.

Leis an dréacht-**Treoir** maidir le **rialacha neamhchonarthacha dliteanais shibhialta arna bhunú ar locht a oiriúnú don intleacht shaorga**, a glacadh mar phacáiste leis an togra seo, féachtar le rochtain ar fhaisnéis a éascú agus an dualgas cruthúnais in éilimh ar chúiteamh a shaothraítear faoi chórais náisiúnta dliteanais atá bunaithe ar locht a mhaolú i gcásanna ina bhfuil baint ag córais áirithe IS le damáiste a dhéanamh. Níl aon fhorluí ann le héilimh a thugtar faoin PLD.

1.3. Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an togra i gcomhréir le tosaíochtaí an Choimisiúin chun an Eoraip a oiriúnú don ré dhigiteach agus geilleagar atá réidh don todhchaí a oibríonn do na daoine a chruthú²⁵.

D’fhonn na rioscaí a bhaineann le **teicneolaíochtaí digiteacha** a íoslaghú agus sábháilteacht táirgí a fheabhsú, tá an tAontas Eorpach ag nuachóiriú rialacha maidir le hinnealra, trealamh raidió agus sábháilteacht ghinearálta táirgí, chomh maith le rialacha nua a chruthú maidir le córais IS atá sábháilte agus iontaofa²⁶. Comhlánaítear leis an togra seo an próiseas nuachóirithe digiteach mar réamhshocrú seo trína áiritiú, nuair a dhéanann táirgí díobháil, gur féidir le daoine díobháilithe a bheith muiníneach go n-urramófar a gceart chun cúitimh, agus go mbeidh deimhneacht dhlíthiúil ag gnólachtaí maidir leis na rioscaí dliteanais a bheidh rompu agus iad i mbun gnó. Má dhéantar le chéile iad, ba cheart go gcuirfeadh na hiarrachtaí nuachóirithe sin ar chumas na hEorpa tabhairt faoi aistriú digiteach a oibreoidh chun tairbhe na ndaoine. Ba cheart go gcuirfeadh na hiarrachtaí sin le geilleagar cothrom iomaíoch agus le margadh aonair saoráideach. Ba cheart do chuideachtaí de gach méid agus in aon earnáil bheith ábalta dul san iomaíocht ar bhonn comhionann agus teicneolaíochtaí digiteacha, táirgí agus seirbhísí a fhorbairt, a mhargú agus a úsáid ar scála a mhéadóidh a dtáirgiúlacht agus a n-iomaíochas domhanda.

Maidir le IS go sonrath, deimhnítear leis an togra seo gur “táirgí” iad córais IS agus earraí le cuidiú IS agus, dá bhrí sin, go dtagann siad faoi raon feidhme an PLD, rud a chiallaíonn go bhfuil cúiteamh ar fáil nuair a dhéantar díobháil le IS lochtach, gan bheith ar an duine díobháilithe locht an mhonaróra a chruthú, díreach mar atá sé le haon táirge eile. Ar an dara dul síos, tá sé soiléir sa togra go bhféadfar, ní hamháin monaróirí crua-earraí a chur faoi dhliteanas, ach freisin go bhféadfar soláthraithe bogearraí agus soláthraithe seirbhísí digiteacha a mbíonn tionchar acu ar an dóigh a n-oibríonn an táirge (amhail seirbhís loingseoireachta i bhfeithicil uathrialaitheach) a chur faoi dhliteanas. Ar an tríú dul síos, áirithítear leis an togra gur féidir monaróirí a chur faoi dhliteanas i leith athruithe a dhéanann

²⁴ [Plean gníomhaíochta don gheilleagar](#), Márta 2020.

²⁵ COM/2020/67 final.

²⁶ Féach roinn 1.2 le haghaidh tuilleadh sonraí.

siad ar táirgí atá curtha ar an margadh acu cheana féin, lena n-áirítear nuair is nuashonruithe bogearraí nó meaisínfhoghlaím is cúis leis na hathruithe sin. Ar an gceathrú dul síos, maolaítear leis an PLD athbhreithnithe an dualgas cruthúnais i gcásanna casta, a bhféadfadh cásanna áirithe a bhaineann le córais IS a bheith i gceist leo, agus nuair nach gcomhlíonann táirgí ceanglais sábháilteachta. Agus é sin á dhéanamh, freagraíonn sí, den chuid is mó, do ghlaonna Pharlaimint²⁷ na hEorpa lena áirithiú go gcuirfear na rialacha dlíteanais in oiriúint do IS. Mar chomhlánú ar na hathruithe sin, féachtar leis an togra comhthreomhar le haghaidh treoir maidir le dlíteanas arna bhunú ar locht le haghaidh IS lena áirithiú, i gcás go gcaithfidh duine díobháilithe a chruthú go raibh an milleán ar dhuine éigin go ndearna córas IS damáiste chun cúiteamh a fháil faoin dlí náisiúnta, gur féidir an dualgas cruthúnais a mhaolú má chomhlíontar coinníollacha áirithe.

Maidir leis an **ngeilleagar ciorclach**, tá samhlacha gnó ina ndéantar táirgí a mhionathrú nó a uasghrádú ag éirí níos coitianta agus níos lárnaigh i gcónaí d'iarrachtaí AE spriocanna inbhuanaitheachta agus laghdú dramhaíola a bhaint amach i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an Dlí Aeráide Eorpach²⁸. Is é is aidhm leis an togra seo iarrachtaí amhail an tionscnamh maidir²⁹ le táirgí inbhuanaithe a threisiú trína áirithiú go mbeidh cearta ag tomhaltóirí ar chúiteamh as díobháil arb iad táirgí mionathraithe lochtacha is cúis léi a bheidh chomh soiléir céanna leis na hiarrachtaí a dhéantar maidir le táirgí úrnua agus tríd an tsoiléireacht dhlíthiúil a chruthú a theastaíonn ó thionscal chun samhlacha gnó ciorclacha a ghlacadh.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Amhail Treoir 85/374/CEE, tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (sean-Airteagal 95 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, sean-Airteagal 100 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa). Tá sé amhlaidh toisc gurb é is cuspóir leis rialacha náisiúnta a chomhchuíbhíú chun saorghluaiseacht earraí a chur chun cinn, rud a chruthóidh cothroime iomaíochta do chuideachtaí sa mhargadh inmheánach, agus cosaint do thomhaltóirí a áirithiú.

• Coimhdeacht

Cinneadh sa mheastóireacht nár cuireadh i gcoinne an bhreisluacha a bhaineann le rialacha AE maidir le dlíteanas táirgí a bheith ann chun rialacha AE maidir le sábháilteacht táirgí a chomhlánú³⁰. Go deimhin, treisítear leis na rialacha maidir le cúiteamh a thabhairt do dhaoine dá ndearna táirgí lochtacha díobháil rialacha AE maidir le sábháilteacht táirgí. Leis an dá shraith rialacha féachtar leis an sprioc chéanna beartais maidir le margadh inmheánach

²⁷ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2020 maidir le moltaí don Choimisiún maidir le córas dlíteanais shibhialta i leith na hintleachta saorga (2020/2014(INL)).

²⁸ Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (IO L 243, 9.7.2021, Ich. 1).

²⁹ [Tionscnamh na dtáirgí inbhuanaithe \(europa.eu\)](#).

³⁰ Meastóireacht ar an Treoir maidir le Dlíteanas Táirgí, [SWD\(2018\)157](#), Ich. 60.

feidhmiúil le haghaidh earraí lena áirithítear ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus ní mór nuachóiriú a dhéanamh ar an dá cheann acu freisin.

Soláthrófar deimhneacht dhlíthiúil leis an togra seo maidir le: (i) cad iad na táirgí, na gnólachtaí agus na cineálacha damáiste a thagann faoi raon feidhme PLD; agus (ii) cothromaíocht chuí na leasanna idir monaróirí agus tomhaltóirí ar fud an Aontais Eorpaigh. Gan sraith aonfhoirmeach rialacha daoine dá ndearna táirgí lochtacha díobháil a chúiteamh, bheadh 27 sraith rialacha éagsúil os comhair monaróirí. Bheadh leibhéal éagsúla cosanta tomhaltóirí agus iomaíocht shaofa i measc gnólachtaí ó Bhallstáit éagsúla mar thoradh air sin.

- **Comhréireacht**

Leis an togra seo baintear cothromaíocht chúramach amach idir leasanna an tionscail agus leasanna na dtomhaltóirí, mar a mhínítear i Roinn 8 den mheasúnú tionchair. Soláthraítear leis an togra deimhneacht dhlíthiúil maidir leis na táirgí agus na gnólachtaí atá clúdaithe faoi dhliteanas gan locht. Spreagfar leis freisin gach gnólacht, lena n-áirítear monaróirí neamh-AE, gan ach táirgí sábháilte a chur ar mhargadh AE chun nach dtabharfar dliteanas. Dá réir sin treiseofar sábháilteacht táirgí.

Áiritheofar leis an togra freisin go mbeidh an chosaint chéanna ag daoine beag beann ar an mbeidh táirge lochtach a rinne díobháil dóibh ina tháirge inláimhsithe nó ina tháirge digiteach. Trí raon feidhme chóras dliteanais táirge AE a mhéadú chun soláthraithe bogearraí, gnólachtaí a dhéanann mionathruithe substaintiúla ar tháirgí, ionadaithe údaraithe agus soláthraithe seirbhíse comhlíonta a chuimsiú go sainráite, beidh deis níos fearr ag daoine díobháilithe chun cúiteamh a fháil as damáiste a rinneadh, agus bunófar cothroime iomaíochta idir gnólachtaí. Trí chailteanais ábhartha mar gheall ar chailliúint, scrios nó éilliú sonraí a chlúdach, aithnítear sa togra an tábhacht a bhaineann le sonraí sa ré dhigiteach. Ní théitear thar a bhfuil riachtanach sa togra, áfach, agus dá bhrí sin ní théitear i ngleic leis le cineálacha eile díobhála, amhail príobháideacht nó idirdhealú, a ndéileálfai leo ar bhealach níos iomchuí faoi reachtaíocht eile.

Chruthófaí leis an togra freisin cinnteacht dhlíthiúil níos mó agus bhainfí amach leibhéal cothrom cosanta do thomhaltóirí ar fud an Aontais Eorpaigh. Roinnfear an dualgas cruthúnais ar bhealach níos cothroime idir daoine díobháilithe agus monaróirí i gcásanna casta, rud a mhéadóidh an seans éileamh rathúil ar chúiteamh a fhorfheidhmiú. Ní dhéanfar an dualgas cruthúnais a fhreaschur, áfach, toisc go nochtfaí monaróirí leis sin ar rioscaí i bhfad níos airde ó thaobh dliteanais de agus toisc go bhféadfadh sé bac ar chur ar nuálaíocht, rud a d'fhágfadh go bhféadfadh praghsanna táirgí a bheith níos airde agus go laghdófaí an rochtain ar tháirgí nuálacha.

- **An rogha ionstraime**

Is i bhfoirm teorach atá an togra seo, rud a thugann solúbthacht do na Ballstáit a gcuid rialacha a leabú gan stró ina gcórais náisiúnta. Tá sé sin tábhachtach, ós rud é go n-idirghníomhaíonn a chuid rialacha go dlúth le cóid shibhialta náisiúnta agus go bhfuil siad comhtháite go domhain sna córais dlí náisiúnta. Féachtar leis an togra seo a chur in ionad an

PLD go hiomlán. Measadh nach mbeadh sé cuí an PLD a athrú trí athmhúnlú nó trí ghníomh leasaitheach toisc go dteastaíonn athruithe ar bheagnach gach airteagal.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Cinneadh sa mheastóireacht ar an PLD³¹ a rinneadh in 2018 gur ionstraim éifeachtach agus ábhartha a bhí sa PLD ina iomláine, ach go raibh roinnt easnamh ann (féach roinn 1.1).

Cuireadh na torthaí sin san áireamh agus an measúnú tionchair a thacaíonn leis an togra seo á ullmhú.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Agus an togra seo á ullmhú ag an gCoimisiún, chuaigh sé i gcomhairle le raon leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhlachais tomhaltóirí agus eagraíochtaí sochaí sibhialta AE agus náisiúnta, comhlachais tionscail, gnólachtaí árachais, gnólachtaí dlí, saineolaithe acadúla, baill den phobal, agus údarais náisiúnta. Áiríodh ar na gníomhaíochtaí comhairliúcháin measúnú tionchair tionscanta³², comhairliúchán poiblí tiomnaithe 12 seachtaine ar cuireadh 291 freagairt isteach chuige, ceardlanna páirtithe leasmhara, ceardlann leis na Ballstáit, chomh maith le comhairliúchán agus agallaimh spriocdhírthe le páirtithe leasmhara arna ndéanamh ag comhairleoir neamhspleách.

Tá achoimre ar ionchur na bpáirtithe leasmhara maidir le gach cuspóir sonracha den athbhreithniú ar an PLD ar fáil thíos.

- **An cuspóir a áirithiú go léireofar le rialacha dliteanais cineál agus rioscaí na dtáirgí san ré dhigiteach agus sa gheilleagar ciorclach**
 - Bhí formhór na bpáirtithe leasmhara i bhfabhar a shoiléiriú gur táirge iad bogearraí a thagann faoi raon feidhme an PLD. Mhol tromlach de pháirtithe leasmhara an tionscail é sin a shoiléiriú, áfach, trí threoirlínte neamhcheangailteacha seachas trí athbhreithniú reachtach an PLD. Bhí comhdhearcadh leathan i measc ghrúpaí na bpáirtithe leasmhara go léir go bhféadfaí a mheas go bhfuil táirge lochtach toisc go bhfuil leochaileachtaí cibearshlándála ag baint leis. Bhí 70% de na freagróirí sa chomhairliúchán poiblí i bhfabhar na féidearthachta go gcuirfí monaróirí faoi dhliteanas mura gcuirfidís an t-eolas is gá ar fáil maidir le slándáil bogearraí chun dul i ngleic leis na leochaileachtaí sin.
 - Bhí páirtithe leasmhara an tionscail i gcoinne dliteanas gan locht a chuimsiú i leith sáruithe ar chosaint sonraí sa PLD, go páirteach toisc gur féidir sáruithe dá leithéid a chúiteamh cheana féin faoi dhlíthe eile cosúil leis an RGCS. Bhí

³¹ Meastóireacht ar an Treoir maidir le Dliteanas Táirgí, [SWD\(2018\)157](#).

³² [Dliteanas sibhialta – rialacha dliteanais a oiriúnú don ré dhigiteach agus don intleacht shaorga \(europa.eu\)](#).

eagraíochtaí tomhaltóirí, údaráis phoiblí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha níos mó i bhfabhar é sin a chuimsiú, áfach.

- Bhí tacaíocht fhorleathan i measc na bpáirtithe leasmhara go léir as a éascú go gcuirfí oibreoirí eacnamaíocha a dhéanann mionathruithe substaintiúla ar tháirgí faoi dhliteanas i gcás go mbeadh na táirgí modhnaithe sin lochtach agus ina gcúis le damáiste.

- **An cuspóir a áirithiú gur ann i gcónaí do dhuine faoi dhliteanas atá bunaithe san Aontas Eorpach i leith táirgí lochtacha a cheannaítear ó tháirgeoirí lasmuigh den Aontas Eorpach**

Sa chomhairliúchán poiblí, d'aontaigh 64% de na freagróirí nó d'aontaigh siad go mór go léir gur gá cosaint do thomhaltóirí a áirithiú in PLD má dhéanann táirgí lochtacha a cheannaítear go díreach ó thíortha nach bhfuil san Aontas damáiste i gcás nach bhfuil monaróir ná allmhaireoir de chuid an Aontais Eorpaigh ann. Tuairimí éagsúla i dtaobh an bhféadfaí ionadaí údaraithe monaróra neamh-AE, an tsoláthraí seirbhíse comhlíonta nó margadh ar líne a chur faoi dhliteanas.

- **An cuspóir an dualgas cruthúnais i gcásanna casta a mhaolú agus srianta ar éilimh a dhéanamh a mhaolú, agus á áirithiú go mbeidh cothromaíocht chóir ann idir monaróirí agus tomhaltóirí**

- Sa chomhairliúchán poiblí, mheas 77% de na freagróirí gur cruthaíodh deacrachtaí le táirgí atá casta ón taobh teicniúil maidir le dualgas cruthúnais an duine díobhálaíthe. Bhí an céatadán i bhfad níos airde i measc eagraíochtaí tomhaltóirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus baill den phobal (95%) ná mar a bhí i measc eagraíochtaí gnó agus tionscail (38%). Bhí páirtithe leasmhara tionscail níos oscailte d'oibleagáidí maidir le nochtadh faisnéise agus an dualgas cruthúnais a mhaolú i gcásanna casta ná an dualgas cruthúnais a fhreaschur, rud a mheas siad a bheith ina rogha radacach a dhéanfadh dochar don nuálaíocht. Bhí formhór na bpáirtithe leasmhara ó eagraíochtaí tionscail, eagraíochtaí tomhaltóirí agus saineolaithe dlí go mór i bhfabhar an chur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de sa PDL a choinneáil. Bhí formhór na bpáirtithe leasmhara i gcoinne deireadh a chur leis an gcosaint riosca forbartha.
- Bhí eagraíochtaí tomhaltóirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus baill den phobal i bhfabhar deireadh a chur leis an riail lena gcuirtear cosc ar chúiteamh i leith damáiste do mhaoín ar lú a luach ná EUR 500 agus bhí siad i bhfabhar síneadh a chur leis an tréimhse 10 mbliana ina mbeidh monaróirí fós faoi dhliteanas i leith táirge lochtach i ndiaidh dóibh é a chur ar an margadh. Bhí páirtithe leasmhara an tionscail i bhfabhar gan athrú a dhéanamh ar na srianta.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhí an t-ullmhúchán le haghaidh an togra bunaithe go sonrach ar an dá staidéar neamhspleácha seo a leanas: ceann amháin a ullmhaíodh mar chuid den mheastóireacht³³ agus

³³ EY, Technopolis, VVA (2018), [Staidéar](#) a ghabhann leis Meastóireacht ar an Treoir maidir le Dliteanas Táirgí.

an ceann eile mar chuid den mheasúnú tionchair³⁴. Ina theannta sin, bhailigh an Coimisiún sainchomhairle ón lucht acadúil, ó ghrúpaí tomhaltóirí, ó údaráis tionscail agus ó údaráis náisiúnta trí Shainghrúpa um Dhliteanas agus Teicneolaíochtaí Nua 2018-2020.

Tá an anailís dlí bunaithe ar bhailiúchán mór cásdlíthe a cuireadh ar fáil ó 1985, go háirithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), agus ar go leor foilseachán³⁵.

- **Measúnú tionchair**

Tá an togra seo tacaithe ag measúnú tionchair (SWD[xxxx]), arna ullmhú i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin maidir le "Rialáil Níos Fearr". Rinne an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála athbhreithniú ar an measúnú tionchair agus fuair sé tuairim dhearfach as. Rinneadh athbhreithniú ar an tuarascáil ar an measúnú tionchair chun tuairimí an Bhoird a chur san áireamh, go háirithe trí mhíniú níos fearr a thabhairt ar an méid seo leanas: raon feidhme na bhfadhbanna a sainathníodh, tionchar na rialacha sábháilteachta táirgí ar dhíobháil a bhaineann le táirgí, meastacháin bhonnlíne cásanna, tionchair na rogha tosaíochta ag an ngrúpa páirtithe leasmhara, agus ábharthacht an tionscnaimh do FBManna.

Chomh maith leis an gcás bonnlíne gan ghníomh a dhéanamh, sainathnítear sa mheasúnú tionchair 2 rogha chun aghaidh a thabhairt ar an gcéad fhadhb a bhaineann leis an ré dhigiteach agus leis an ngeilleagar ciorclach, agus 2 rogha chun aghaidh a thabhairt ar an dara fadhb 2 maidir le bacainní ar chúiteamh a fháil agus éilimh ar chúiteamh a dhéanamh.

- D'áiríteofaí le **rogha 1a** go mbeadh monaróirí táirgí, a bhfuil bogearraí nó seirbhísí digiteacha riachtanach dóibh le go n-oibreoidh siad, faoi dhliteanas faoin Treoir. Díreach mar atá i gcás comhpháirteanna inlámhsithe, bheadh soláthraithe na nngéithe digiteacha doláimhsithe sin faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach leis an monaróir. Ach faoin rogha sin, ní bheadh táirgeoirí bogearraí aonair faoi dhliteanas faoin PLD.
- Forbrófaí **Rogha 1b** ar rogha 1a agus, ina theannta sin, chuimseofaí inti na bogearraí ábhartha go léir mar tháirge astu féin, lena n-áirítear bogearraí 3^ú-páirtí a chuirtear le táirge nó bogearraí aonair a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh (amhail aip fóin chliste le haghaidh feiste leighis). Bheadh gnóthais a dhéanann mionathrú suntasach ar tháirge agus a chuireann ar ais ar an margadh é faoi dhliteanas faoin Treoir freisin. Faoin rogha sin chomh maith d'fhéadfaí ionadaí údaraithe táirgeora neamh-AE nó soláthraí seirbhíse comhlíonta a bheith faoi dhliteanas i gcás nach bhfuil aon allmhaireoir san Aontas Eorpach.
- Chuimseofaí i **rogha 1c** na bearta i rogha 1b agus, chomh maith leis sin, chuimseofaí inti aon bhogearraí a mbeadh impleachtaí ag baint leo do chearta bunúsacha. Bheadh damáiste mar thoradh ar shárúithe ar chearta bunúsacha, amhail sárúithe ar chosaint sonraí, sárúithe príobháideachta nó idirdhealú (e.g. trí bhogearraí earcaíochta IS) inchúitithe.

³⁴ CSES with Wavestone, CSIL (2022), Staidéar um measúnú tionchair ar an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Dhliteanas Táirgí.

³⁵ Féach an leabharliosta in Iarscríbhinn 6 de CSES with Wavestone, CSIL (2022), Staidéar um measúnú tionchair ar an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Dhliteanas Táirgí.

- Laghdófaí le **rogha 2a** an dualgas cruthúnais ar íospartaigh a ndearnadh díobháil dóibh tríd an méid seo a leanas a chomhchuíbhiú: (i) rialacha maidir leis an tráth a mbeidh oibleagáid ar tháirgeoirí an fhaisnéis theicniúil is gá a nochtadh don íospartach sa chúirt; agus (ii) coinníollacha do cúirteanna náisiúnta glacadh leis go raibh táirge lochtach go deimhin nó go raibh an locht ina chúis go deimhin leis an damáiste, go háirithe i gcásanna casta ina bhfuil sé an-deacair dliteanas a chruthú. Laghdófaí le rogha 2a srianta ar éilimh a dhéanamh (tríd an tairseach damáiste maoinne a bhaint agus an tréimhse dliteanais a shíneadh).
- D'fhreaschuirfí an dualgas cruthúnais le **Rogha 2b**, ionas gurb é an táirgeoir a chaithfeadh a chruthú nach raibh an táirge lochtach agus nach raibh sé ina chúis leis an díobháil. Bhainfí an chosaint riosca forbartha, lena ndíolmhaítear táirgeoirí ó dhliteanas nuair nach raibh éifeachtúlacht táirge inaimsiithe de réir eolas úrscothach. Laghdófaí le rogha 2b srianta ar éilimh a dhéanamh (tairseacha agus teorainneacha ama).

Sainaitníodh sa mheasúnú tionchair roghanna 1b agus 2a mar an mheascán roghanna is fearr.

Le rogha 1b, cuirfear deimhneacht dhlíthiúil ar fáil maidir leis na táirgí agus na táirgeoirí a chumhdaítear faoi dhliteanas gan locht agus spreagfar gach táirgeoir, lena n-áirítear táirgeoirí neamh-AE, gan ach táirgí sábháilte a chur ar mhargadh AE ionas na dtabhófar dliteanas. Neartaítear leis sin sábháilteacht táirgí agus beidh tionchar dearfach eacnamaíoch agus sóisialta aige. Áiritheofaí leis freisin go mbeadh an chosaint chéanna ag tomhaltóirí i gcás go ndéanfadh táirgí lochtacha díobháil dóibh, is cuma má bhaineann an locht le comhphárteanna digiteacha nó comhphárteanna inláimhsithe an táirge agus i gcás go ndéanfadh bogearraí aonair lochtacha astu féin dochar dóibh. Trí sholáthraithe bogearraí, ionadaithe údaraithe agus soláthraithe seirbhíse comhlíonta a chur faoi raon feidhme na Treorach, beidh deis níos fearr ag íospartaigh a ndearnadh díobháil dóibh cúiteamh a fháil toisc nach mbeadh orthu locht an táirgeora a chruthú (mar gheall ar phrionsabal "dliteanais gan locht" na Treorach). Le rialacha dliteanais níos soiléire maidir le samhlacha ciorclacha soláthrófar cinnteacht dhlíthiúil agus dá bhrí sin cuideoidh siad le samhlacha gnó den sórt sin a chur chun cinn, agus mar sin beidh tionchar dearfach comhshaoil acu. Tríd is tríd, le rogha 1b, meastar go dtiocfaidh méadú idir EUR 0.15 milliún agus 22.13 milliún ar chúiteamh bliantúil do dhaoine díobháilaithe i gcomparáid leis an mbonnlíne. Chiallódh sé sin méadú beag ar phréimheanna árachais bliantúla do tháirgeoirí, atá measta idir EUR 4.35 milliún agus 8.69 milliún i gcomparáid leis an mbonnlíne.

Cruthófar le rogha 2a deimhneacht dhlíthiúil níos fearr agus bainfear amach leibhéal cosanta níos cothroime do thomhaltóirí ar fud an Aontais Eorpaigh, rud a mbeidh tionchar dearfach eacnamaíoch agus sóisialta aige. Roinnfear an dualgas cruthúnais ar bhealach níos cothroime idir daoine díobháilaithe agus táirgeoirí i gcásanna níos casta. Cuirfidh sé sin leis an seans éileamh rathúil ar chúiteamh a fhorfheidhmiú i gcásanna den sórt sin. Laghdófar constaicí díréireacha ar éilimh a dhéanamh. Tríd is tríd, le rogha 2a, meastar go dtiocfaidh méadú idir EUR 0.20 milliún agus 43.54 milliún ar chúiteamh bliantúil do dhaoine díobháilaithe i gcomparáid leis an mbonnlíne. Chiallódh sé sin méadú beag ar phréimheanna árachais bliantúla do tháirgeoirí, atá measta idir EUR 14.35 milliún agus 28.71 milliún i gcomparáid leis an mbonnlíne.

Cuirfidh an rogha thosaíochta le spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna), go háirithe le SDG 3 (sláinte mhaith agus dea-bhail) mar gheall ar an tionchar dearfach sóisialta atá aige ar shláinte agus ar fholláine na n-íospartach, SDG 9 (nuálaíocht a chothú) trí dheimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do ghnólachtaí chun bheith nuálaíoch agus SDG 12 (tomhaltas agus táirgeadh freagrach) trí shábháilteacht táirgí a fheabhsú nuair a dhéantar athruithe substaintiúla.

- **Oiriúnacht agus simpliú rialála**

Fuarthas sa mheastóireacht ar an bPlean Forbartha Náisiúnta go raibh t-ualach riaracháin atá ann faoi láthair an-íseal agus nach raibh aon ghá lena simpliú. Má chuirtear rialacha dliteanais in oiriúint don aois dhigiteach agus don gheilleagar ciorclach, ní chruthófar costais nua riaracháin do ghnólachtaí ná do thomhaltóirí.

Féachtar leis an togra le cothromaíocht chóir a bhaint amach idir lucht tionscail agus tomhaltóirí, go háirithe trí bhearta a sheachaint lena bhféadfadh sé a bheith deacair do FBManna bheith nuálach nó lena gcruthófaí costais bhreise alena bhféadfadh sé a bheith níos deacra do FBManna a ionsú. Ní dhéantar micrifhiontair a dhíolmhú leis an togra agus ní áirítear leis bearta maolaithe sonracha do FBManna, toisc nach féidir cúiteamh cuí do dhaoine a ghortaítear le táirgí lochtacha a dhéanamh ag brath ar mhéid na cuideachta atá faoi dhliteanas. Dá ndéanfaí amhlaidh, dhéanfaí an iomaíocht idir imreoirí margaidh a shaobhadh dá mbeadh rialacha éagsúla dliteanais os comhair cuideachtaí a dhíolann táirgí comhchosúla.

- **Ceartha bunúsacha**

Dá ndéanfaí na srianta ar éilimh a dhéanamh a laghdú agus an dualgas cruthúnais a mhaolú i gcásanna casta neartófaí an ceart chun leighis éifeachtaigh, ceart a ráthaítear faoi Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní chuirfidh an togra seo isteach ar bhuiséad AE.

5. GNÉITHE EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní mór do na Ballstáit an Treoir a thrasú 12 mhí i ndiaidh di teacht i bhfeidhm agus na bearta forfheidhmithe náisiúnta a chur in iúl don Choimisiún. Tá an Coimisiún réidh le tacaíocht theicniúil a chur ar fáil do na Ballstáit chun an Treoir a chur chun feidhme.

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na Treorach 6 bliana tar éis di teacht i bhfeidhm agus molfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, leasuithe reachtacha.

- **Doiciméid mhíniúcháin**

Comhchuíbítear leis an Treoir atá beartaithe an dlí um dhliteanas sibhialta, agus cuimsítear idir rialacha substainteacha agus rialacha nós imeachta inti. D'fhéadfadh na Ballstáit úsáid a bhaint as cineálacha ionstraimí dlíthiúla éagsúla chun í a thrasú. Tá údar maith leis, dá bhrí

sin, agus na Ballstáit ag tabhairt fógra faoina mbearta maidir le trasuíomh, gur cheart dóibh doiciméad amháin nó níos mó a áireamh ina mínítear an gaol idir codanna den Treoir agus na codanna comhfhreagracha de na hionstraimí náisiúnta maidir le trasuíomh, i gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 de na Ballstáit agus an Coimisiún ar dhoiciméid mhíniúcháin³⁶.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Caibidil I – Forálacha coiteanna

I gCaibidil I, sainítear ábhar agus raon feidhme an togra, agus déantar na téarmaí a úsáidtear sa togra a shainiú. Tugtar an téarmaíocht maidir le dliteanas táirgí i gcomhréir le creat sábháilteachta táirgí an Aontais inti trí shainmhínte ar “monaróir” agus “cur ar an margadh” a bhunú, inter alia, ar na sainmhínte sa chreat reachtach nua a bunaíodh le Cinneadh 768/2008/CE³⁷. Freagraítear inti freisin do réaltacht táirgí sa ré dhigiteach, ar bhealach neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, trí bhogearraí agus comhaid mhonaraíochta digití a áireamh laistigh den sainmhíniú ar tháirge agus trína shoiléiriú cathain láimhseáilfear seirbhís ghaolmhar mar chomhpháirt de tháirge. Leathnaítear léi freisin an coincheap um dhamáiste inchúitithe chun cailliúint nó éilliú na sonraí a chuimsiú.

Caibidil II – Forálacha sonracha maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha

I gCaibidil II leagtar síos na rialacha lena rialaítear dliteanas na n-oibreoirí eacnamaíoch a i leith damáiste arb iad táirgí lochtacha is cúis leis agus na coinníollacha faoina bhfuil ceart ag daoine nádúrtha cúiteamh a fháil:

- Tá tástáil lena ndeimhnítear an bhfuil táirge lochtach nó nach bhfuil – i.e. cé acu ar soláthraíodh leis an táirge an tsábháilteacht a bhfuil an pobal i gcoitinne i dteideal a bheith ag súil léi - an-chosúil leis an tástáil faoin PLD. Mar sin féin, chun teacht le cineál na dtáirgí atá ag athrú sa ré dhigiteach, agus chun teacht le cásdlí CBAE, cuireadh tosca amhail idirnascthacht nó feidhmeanna féinfhoghlama na dtáirgí leis an liosta neamh-uileghabhálach de thosca atá le cur san áireamh ag na cúirteanna agus cad atá lochtach á mheas.
- Cuirtear san áireamh i raon na n-oibreoirí eacnamaíoch ar féidir iad a chur faoi dhliteanas i leith táirgí lochtacha an tábhacht atá ag méadú maidir leis na táirgí a mhonaraítear lasmuigh den Aontas agus a chuirtear ar mhargadh an Aontais, agus áirithítear leis gurb ann i gcónaí d’oibreoir eacnamaíoch san Aontas ar féidir éileamh ar chúiteamh a dhéanamh ina choinne. Ní dhéanann an togra difear don díolúine ó dhliteanas coinníollach faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, toisc nach leagtar amach leis coinníollacha maidir le dliteanas ach amháin i gcásanna nach dtairbhíonn ardán ar líne den díolúine. Thairis sin, ní dhírítear leis an togra seo ach ar an gcás sonracha ina ndéantar díobháil do dhuine le táirge lochtach agus ina lorgaíonn sé cúiteamh, cás nach gcumhdaítear leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Soiléirítear leis freisin an uair is féidir dliteanas oibreoirí eacnamaíoch a dhéanann

³⁶ Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

³⁷ Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 i ndáil le creat coiteann maidir le táirgí a mhargú, agus lena n- aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 82).

mionathruithe ar táirge, amhail i gcomhthéacs samhlacha gnó an gheilleagair chiorclaigh a chur faoi dhliteanas.

- Tá an dualgas cruthúnais ar dhaoine díobhálaíthe, nach mór dóibh an damáiste a tharla dóibh, locht an táirge agus an nasc cúisíoch idir an dá cheann acu a chruthú. I bhfianaise na ndúshlán atá le sárú ag daoine díobhálaíthe, áfach, go háirithe i gcásanna casta, déantar an dualgas cruthúnais a mhaolú chun cothromaíocht chóir a bhaint amach idir leasanna an tionscail agus leasanna tomhaltóirí.
- Tá oibreoirí eacnamaíocha i dteideal, mar atá faoin PLD, bheith díolmhaithe ó dhliteanas ar choinníollacha áirithe a bhfuil an dualgas cruthúnais orthu ina leith. Déantar na díolúintí a oiriúnú chun an acmhainn na táirgí sa ré dhigiteach a athrú nó iad a athrú i ndiaidh iad a chur ar an margadh a chur san áireamh. Ar mhaithe le cothroime iomaíochta a thabhairt do mhonaróirí ar fud an Aontais agus ar mhaithe le cosaint aonfhoirmeach do thomhaltóirí, ba cheart feidhm a bheith ag an díolúine a thugtar do mhonaróirí i gcás lochtanna atá do-aimsithe go heolaíoch agus go teicniúil i ngach Ballstát agus ba cheart scor den fhéidearthacht faoin PLD maolú a dhéanamh.

Caibidil III – Forálacha ginearálta maidir le dliteanas

I gCaibidil III leagtar síos rialacha dliteanais níos ginearálta, atá bunaithe go dlúth ar chinn an PLD reatha. Leagtar síos inti, má tá beirt nó níos mó faoi dhliteanas, go bhfuil siad faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach. Leagtar síos inti freisin, má bhíonn táirge lochtach ina chúis le damáiste, nach laghdófar le gníomhaíochtaí ranníocacha tríú páirtithe dliteanas an mhonaróra, ach go bhféadfaidh gníomhaíochtaí ranníocacha an duine dhíobhálaíthe é sin a dhéanamh. Go tábhachtach do chosaint an tomhaltóra, ní féidir dliteanas a eisiamh nó a theorannú le Conradh nó le dlíthe eile. Ní cheadaítear, dá bhrí sin, uasteorainneacha nó íosteorainneacha airgeadais a shocrú maidir le cúiteamh ach oiread. Níl aon athrú tagtha ar an teorainn ama 3 bliana chun imeachtaí a thionscnamh i gcomparáid leis an PLD. Tá oibreoirí eacnamaíocha faoi dhliteanas as táirgí lochtacha ar feadh tréimhse 10 mbliana i ndiaidh dóibh an táirge a chur ar an margadh, ach bainfidh éilitheoirí leas as tréimhse bhreise 5 bliana i gcásanna ina bhfuil siomptóim na díobhála pearsanta ag teacht chun cinn go mall, mar shampla i ndiaidh táirge ceimiceach nó bia lochtach a ionghabháil.

Caibidil IV – Forálacha críochnaitheacha

Ceanglófar ar na Ballstáit breithiúnais chúirte a bhaineann le dliteanas táirgí a fhoilsiú ionas gur féidir le cúirteanna náisiúnta eile, ar mhaithe le léirmhíniú níos comhchuibhithe ar na rialacha dliteanais táirgí, na breithiúnais sin a chur san áireamh. Éascófar leis na bearta trédhearachta sin an t-athbhreithniú a dhéanfaidh an Coimisiún 6 bliana i ndiaidh a dteacht i bhfeidhm. Chomh maith le forálacha caighdeánacha maidir le trasuíomh agus teacht i bhfeidhm, déantar foráil i gCaibidil IV maidir le PLD a aisghairm agus leagtar amach inti bearta idirtréimhseacha.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa³⁸,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 85/374/CEE³⁹ ón gComhairle, leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha arb é is aidhm leo deireadh a chur leis na difríochtaí idir córais dlí na mBallstát lena bhféadfaí an iomaíocht a shaobhadh agus dul i gcion ar ghluaiseacht earraí laistigh den mhargadh inmheánach, agus a bhfuil i gceist leo leibhéal éagsúil cosanta don tomhaltóir i gcoinne damáiste don tsláinte nó do mhaoin a tharlódh mar gheall ar na táirgí sin.
- (2) Is é an dliteanas gan locht ar thaobh an oibreora eacnamaíoch ábhartha an t-aon bhealach i gcónaí chun an fhadhb a réiteach go leordhóthanach maidir le cionroinnt chóir na rioscaí a bhaineann le táirgeadh teicneolaíoch nua-aimseartha.
- (3) Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 85/374/CEE i bhfianaise forbairtí a bhaineann le teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear intleacht shaorga (IS), samhla nua gnó don gheilleagar ciorclach agus slabhraí nua soláthair domhanda, a raibh neamhréireachtaí agus éiginnteacht dhlíthiúil, go háirithe maidir le brí an téarma ‘táirge’ mar thoradh air. Tá sé léirithe freisin sa taithí a fuarthas ó Threoir 85/374/CEE a chur i bhfeidhm go mbíonn deacrachtaí ag daoine díobháilithe cúiteamh a fháil mar gheall ar shrianta ar éilimh ar chúiteamh a dhéanamh agus mar gheall ar dhúshlán maidir le fianaise a bhailiú chun dliteanas a chruthú, go háirithe i bhfianaise na castachta teicniúla agus eolaíche atá ag méadú. Áirítear leis sin éilimh ar dhamáistí a bhaineann le teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear an intleacht shaorga. Dá bhrí sin, spreagfaidh an t-athbhreithniú feidhmiú céimneach agus glacadh teicneolaíochtaí nua den sórt sin, lena n-áirítear IS, agus áiritheofar ag an am céanna gur féidir le

³⁸ IO C [...], [...], lch. [...].

³⁹ Treoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú fhorálacha reachtaíochta, rialacháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha (IO L 210, 7.8.1985, lch. 29).

héilitheoirí leas a bhaint as an leibhéal céanna cosanta beag beann ar an teicneolaíocht lena mbaineann.

- (4) Tá gá freisin le hathbheithniú a dhéanamh ar Threoir 85/374/CEE chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht le reachtaíocht maidir le sábháilteacht táirgí agus faireachas margaidh a áirithiú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Ina theannta sin, tá gá le gnáis agus coincheapa bunúsacha a shoiléiriú chun comhleanúnachas agus cinnteacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun teacht le cásdlí de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le déanaí.
- (5) I bhfianaise chineál fairsing na leasuithe a theastódh agus chun soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart Treoir 85/374/CEE a aisghairm agus Treoir nua a chur ina hionad.
- (6) Lena áirithiú go bhfuil córas dliteanais táirge an Aontais ina chóras cuimsitheach, níor cheart feidhm a bheith ag dliteanas gan locht i leith táirgí lochtacha maidir le gach maoin inchorraithe, lena n-áirítear nuair a bhíonn siad comhtháite i maoin inchorraithe eile nó suiteáilte i maoin dhochorraithe.
- (7) Níor cheart feidhm a bheith ag dliteanas i leith táirgí lochtacha maidir le damáiste a thagann as timpistí núicléacha, a mhéid a chumhdaítear dliteanas i leith damáiste den sórt sin le coinbhinsiúin idirnáisiúnta arna ndaingniú ag na Ballstáit.
- (8) Chun fíormhargadh inmheánach a chruthú lena mbaineann ardleibhéal aonfhoirmeach cosanta do thomhaltóirí agus teacht le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, níor cheart do na Ballstáit, i ndáil le hábhair laistigh de raon feidhme na Treorach seo, forálacha a choimeád nó a thabhairt isteach a bheadh níos déine, nó nach mbeadh chomh dian céanna, ná na forálacha atá leagtha síos sa Treoir seo.
- (9) Faoi chórais dlí na mBallstát, féadfaidh duine dá ndearnadh díobháil éileamh a dhéanamh ar dhamáistí ar bhonn dliteanas conarthach nó ar bhonn dliteanas neamhchonarthach nach mbaineann le héifeachtúlacht táirge, mar shampla dliteanas arna bhunú ar bharántas nó ar locht. Áirítear leis sin forálacha [An Treoir maidir le Dliteanas IS .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle] ina leagtar síos rialacha coiteanna maidir le faisnéis a nochtadh agus an dualgas cruthúnais i gcomhthéacs éileamh bunaithe ar locht maidir le damáistí arb é córas IS is cúis leo. Níor cheart go rachfaí i gcion leis an Treoir seo ar fhorálacha dá leithéid chun an cuspóir maidir le cosaint éifeachtach do thomhaltóirí a bhaint amach inter alia.
- (10) I mBallstáit áirithe, d'fhéadfadh daoine dá ndearnadh díobháil a bheith i dteideal éilimh a dhéanamh ar dhamáistí a tharla mar gheall ar táirgí cógaisíochta leo faoi chóras náisiúnta speisialta dliteanais, a mbeadh sé de thoradh air go mbeadh cosaint éifeachtach bainte amach cheana do thomhaltóirí in earnáil na cógaisíochta. Níor cheart go rachfaí i gcion leis an Treoir seo ar an gceart chun éilimh den sórt sin a dhéanamh.
- (11) Leagtar síos le Cinneadh Uimh. 768/2008/CE⁴⁰ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle na príonsabail choiteanna agus forálacha tagartha coiteanna a bhfuil sé beartaithe feidhm a bheith acu síos tríd an reachtaíocht earnála táirgí. Chun comhsheasmhacht leis an reachtaíocht sin a áirithiú, is iomchuí é forálacha áirithe den Treoir seo a ailíniú, go háirithe na sainmhínte, le forálacha an Chinnidh sin.

⁴⁰ Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 i ndáil le creat comhchoiteann maidir le táirgí a mhargú.

- (12) Is féidir le táirgí sa ré dhigiteach a bheith inláimhsithe nó doláimhsithe. Tá bogearraí, amhail córais oibriúcháin, doctearraí, ríomhchláir, feidhmchláir nó córais intleachta saorga ag éirí níos coitianta ar an margadh agus tá ról atá ag éirí níos tábhachtaí acu maidir le sábháilteacht táirgí. Féadfar bogearraí a chur ar an margadh mar tháirge aonair agus féadfar iad a chomhtháthú i dtáirgí eile mar chomhpháirt ina dhiaidh sin, agus is féidir leo damáiste a dhéanamh trína gcur i gcrích. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart a shoiléiriú, dá bhrí sin, gur táirge iad bogearraí chun críocha dliteanas gan locht a chur i bhfeidhm, beag beann ar mhodh a sholáthair nó a úsáide, agus dá bhrí sin, beag beann ar cé acu an bhfuil na bogearraí stóráilte ar ghléas nó go bhfuil fáil orthu trí neálteicneolaíochtaí. Níl cód foinseach na mbogearraí le meas, áfach, mar tháirge chun críocha na Treorach seo ós rud é gur fíorfhaisnéis é sin. Ba cheart déileáil le forbróir nó táirgeoir bogearraí, lena n-áirítear soláthraithe córas IS de réir bhrí [Rialachán (AE) .../... (Gníomh IS)], mar mhonaróir.
- (13) Chun nach gcuirfear bac ar nuálaíocht ná ar thaighde, níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le bogearraí foinse oscailte agus saor in aisce a fhorbraítear nó a sholáthraítear lasmuigh de ghníomhaíocht tráchtála. Is amhlaidh atá, go háirithe i gcás bogearraí, lena n-áirítear a gcód foinseach agus a leaganacha mionathraithe, a chomhroinntear go hoscailte agus a bhfuil fáil éasca orthu, atá inúsáidte, inathraithe agus in-athdháilte. I gcás ina soláthraítear bogearraí mar mhalairt ar phraghas nó ina n-úsáidtear sonraí pearsanta ar shlí eile seachas chun feabhas a chur ar shlándáil, ar chomhoiriúnacht nó ar idir-inoibritheacht na mbogearraí amháin, áfach, agus, go soláthraítear iad dá bhrí sin le linn gníomhaíocht tráchtála, ba cheart go gcuirfí an Treoir i bhfeidhm.
- (14) Ba cheart comhaid monaraíochta digití, ina bhfuil an fhaisnéis fheidhmiúil is gá chun earra inláimhsithe a tháirgeadh trí rialú uathoibrithe innealra nó uirlisí a chumasú, amhail druileanna, deileanna, muilte agus printéirí 3T, a mheas mar tháirgí, chun cosaint tomhaltóirí a áirithiú i gcásanna ina bhfuil na comhaid sin lochtach. D'fhonn amhras a sheachaint, ba cheart a shoiléiriú freisin gur táirge é leictreachas.
- (15) Tá sé ag éirí níos coitianta anois seirbhísí digiteacha a chomhtháthú i dtáirge nó a idirnascaidh le táirge ar bhealach lena gcuirfí cosc ar an táirge ceann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh, mar shampla soláthar leanúnach sonraí tráchta i gcóras loingseoireachta. Cé nár cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le seirbhísí mar sin, is gá dliteanas gan locht a leathnú chuig seirbhísí digiteacha dá leithéid toisc go ndeimhnítear sábháilteacht an táirge leo a oiread agus a dheimhnítear le comhpháirteanna fisiceacha nó digiteacha. Ba cheart seirbhísí gaolmhara dá leithéid a mheas mar chomhpháirteanna den táirge lena bhfuil siad idirnasctha, nuair atá siad faoi rialú mhonaróir an táirge sin, is é sin le rá, gurb é an monaróir féin a sholáthraíonn iad nó go molann an monaróir iad nó go bhfuil tionchar ar shlí eile ag an monaróir ar a soláthar ag tríú páirtí.
- (16) Mar aitheantas ar ábharthacht agus luach sócmhainní doláimhsithe atá ag méadú, ba cheart cailteanas nó éilliú sonraí, amhail ábhar a scríosadh ó thiomántán crua, a chúiteamh freisin, lena n-áirítear an costas chun na sonraí a aisghabháil nó a athshlánú. Mar thoradh air sin, le haghaidh cosaint tomhaltóirí éilítear cúiteamh as cailteanais ábhartha a bhíonn mar thoradh air, ní hamháin as bás nó díobháil phearsanta, amhail costais sochraide nó leighis nó ioncam cailte, agus as damáiste do mhaoin, ach as sonraí a chailliúint nó a éilliú freisin. Mar sin féin, ní théitear i gcion leis an Treoir ar chúiteamh as sárúithe ar Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle⁴¹, ar Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴², ar Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴³ agus ar Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁴.

- (17) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart a shoiléiriú go n-áirítear damáiste do shláinte shíceolaíoch a aithnítear ó thaobh leighis de le díobháil phearsanta.
- (18) Cé gur cheart do na Ballstáit cúiteamh iomlán cuí a sholáthar as gach cailteanas ábhartha a bhíonn mar thoradh ar bhás, nó ar dhíobháil phearsanta, nó ar dhamáiste do mhaoin nó ar scriosadh maoin agus cailteanais sonraí nó éillithe, ba cheart do na Ballstáit rialacha maidir le cúiteamh a ríomh a leagan síos. Ina theannta sin, níor cheart go rachfaí i gcion leis an Treoir seo ar rialacha náisiúnta maidir le damáiste neamhábhartha.
- (19) Chun tomhaltóirí a chosaint, ba cheart damáiste d'aon mhaoin ar le duine nádúrtha í a chúiteamh. Ós rud é go bhfuil úsáid á baint níos mó agus níos mó as maoin chun críocha príobháideacha agus gairmiúla araon, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le cúiteamh a thabhairt i leith damáiste do mhaoin úsáide measctha den sórt sin. I bhfianaise na haidhme atá leis an Treoir seo tomhaltóirí a chosaint, ba cheart maoin a úsáidtear go heisiach chun críocha gairmiúla a eisiáimh óna raon feidhme.
- (20) Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le táirgí a chuirtear ar an margadh nó, i gcás inarb ábhartha, a chuirtear i seirbhís le linn gníomhaíocht tráchtáil, cibé acu ar íocaíocht nó saor in aisce, mar shampla táirgí a sholáthraítear i gcomhthéacs feachtas urraíochta nó táirgí a mhonaraítear chun seirbhís a mhaoinitear ó chistí poiblí a sholáthar, ós rud é go bhfuil gné eacnamaíoch nó ghnó ag baint leis an modh soláthair sin fós.
- (21) Níor cheart go rachfaí i gcion leis an Treoir seo ar na modhanna éagsúla chun sásamh a lorg ar an leibhéal náisiúnta, cibé acu trí imeachtaí cúirte, réitigh neamhchúirte, réiteach malartach díospóidí nó gníomhaíochtaí ionadaíocha faoi Threoir (AE) 2020/1828⁴⁵ Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó faoi scéimeanna náisiúnta comhshásaimh.
- (22) Chun sláinte agus maoin tomhaltóirí a chosaint, ba cheart éifeachtúlacht táirge a dheimhniú ní faoi threoir a oiriúnacht lena úsáid, ach faoi threoir na heaspa

⁴¹ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

⁴² Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideacht a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

⁴³ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údarais inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, IO L 119, 4.5.2016, lch. 89.

⁴⁴ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

⁴⁵ Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE (IO L 409, 4.12.2020, lch. 1).

sábháilteachta a bhfuil an pobal i gcoitinne i dteideal a bheith ag súil léi. Ba cheart anailís oibiachtúil a bheith i gceist leis an measúnú ar éifeachtúlacht agus níor cheart go dtagródh sé don tsábháilteacht a bhfuil aon duine ar leith i dteideal a bheith ag súil léi. Maidir leis an tsábháilteacht a bhfuil an pobal i gcoitinne i dteideal a bheith ag súil léi, ba cheart í a mheasúnú trína, inter alia, cuspóir beartaithe, saintréithe oibiachtúla agus airíonna an táirge lena mbaineann chomh maith le ceanglais shonracha an ghrúpa úsáideoirí dá bhfuil an táirge beartaithe a chur san áireamh. Baineann riosca an-ard damáiste do dhaoine le roinnt táirgí, amhail feistí leighis a chothaíonn na beatha, rud is cúis dá réir sin le hionchais sábháilteachta an-ard mar. Chun na hionchais sin a chur san áireamh, ba cheart go mbeadh cúirt ábalta a chinneadh go bhfuil táirge lochtach gan a éifeachtúlacht iarbhír a dheimhniú, i gcás ina mbaineann sé leis an tsraith táirgeachta chéanna le táirge faoina bhfuil sé cruthaithe cheana go bhfuil sé lochtach.

- (23) D'fhonn teacht leis an leitheadúlacht atá ag méadú maidir le táirgí idirnasctha, ba cheart éifeachtaí táirgí eile ar an táirge lena mbaineann a chur san áireamh freisin agus measúnú á dhéanamh ar shábháilteacht táirge. Ba cheart an éifeacht ar shábháilteacht táirge maidir lena chumas foghlaim i ndiaidh a úsáide a chur san áireamh freisin, chun teacht leis an ionchas dlisteanach go ndearfar bogearraí agus bunalgartaim táirge ar bhealach lena gcuirtear cosc ar iompar guaiseach táirge. Chun é sin a léiriú sa ré dhigiteach, tá go leor táirgí fós faoi smacht an mhonaróra thar an uair a chuirtear ar an margadh iad, ba cheart an uair a fhágann táirge smacht an mhonaróra a chur san áireamh freisin sa mheasúnú ar shábháilteacht an táirge. Is féidir a fháil go bhfuil táirge lochtach freisin mar gheall ar a leochaileacht chibearshlándála.
- (24) Chun ábharthacht na reachtaíochta maidir le sábháilteacht táirgí agus maidir le faireachas margaidh a léiriú chun an leibhéal sábháilteachta a dheimhniú a bhfuil an pobal i gcoitinne i dteideal a bheith ag súil leis, ba cheart a shoiléiriú gur cheart ceanglais sábháilteachta, lena n-áirítear ceanglais maidir le cibearshlándáil a bhaineann le sábháilteacht, agus idirghabhálacha arna ndéanamh ag údarais rialála, amhail aisghairmeacha táirgí a eisiúint, nó ag oibreoírí eacnamaíochta iad féin, a chur san áireamh sa mheasúnú sin freisin. Níor cheart go gcruthófaí toimhde go bhfuil locht ann le hidirghabhálacha den sórt sin astú féin, áfach.
- (25) Ar mhaithe le rogha an tomhaltóra agus chun nuálaíocht a spreagadh, níor cheart go dtiocfaidh ar an gconclúid go bhfuil táirge lochtach cionn is go bhfuil táirge níos fearr ann, nó gur cuireadh táirge níos fearr a chur ar an margadh ina dhiaidh sin. Mar an gcéanna, níor cheart go dtiocfadh ar an gconclúid go bhfuil leagan níos sine den táirge lochtach mar gheall soláthar nuashonruithe nó uasghrádú ar tháirge.
- (26) Ceanglaítear le cosaint tomhaltóirí go bhféadfar aon mhonaróir a bhfuil baint aige leis an bpróiseas táirgthe a chur faoi dhliteanas, a mhéid atá an táirge nó comhpháirt a sholáthraíonn siad lochtach. I gcás ina gcomhtháthaíonn monaróir comhpháirt lochtach ó mhonaróir eile i dtáirge, ba cheart go mbeadh duine díobháilte ábalta cúiteamh a lorg i leith an damáiste chéanna ó mhonaróir an táirge nó ó mhonaróir na comhpháirte.
- (27) Lena áirithiú go mbeidh éileamh in-fhorfheidhmithe ar chúiteamh ag daoine díobháilaithe i gcás ina bhfuil monaróir bunaithe lasmuigh den Aontas, ba cheart go mbeifí ábalta an t-allmhaireoir agus ionadaí údaráithe an mhonaróra a chur faoi dhliteanas. Tá sé léirithe leis an taithí phraiticiúil a fuarthas ar faireachas margaidh go mbaineann na slabhraí soláthair uaireanta le hoibreoírí eacnamaíochta nach n-oireann go héasca, mar gheall ar a gcineál nuálach, do na slabhraí traidisiúnta soláthair de réir an chreata dhlíthiúil atá ann cheana. Is amhlaidh atá, go háirithe, i gcás soláthraithe seirbhíse comhlíonta, a bhfuil cuid mhaith de na feidhmeanna céanna acu is atá ag

allmhaireoirí ach nach mbeadh ag teacht i gcónaí leis an sainmhíniú traidisiúnta ar allmhaireoir i ndlí an Aontais. I bhfianaise ról na soláthraithe seirbhíse comhlíonta mar oibreoirí eacnamaíocha sa chreat um shábháilteacht táirgí agus um fhaireachas margaidh, go háirithe i Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁶, ba cheart go bhféadfaí iad a chur faoi dhliteanas, ach mar gheall ar chineál tánaisteach an róil sin, níor cheart go mbeadh siad faoi dhliteanas ach i gcás nach bhfuil aon allmhaireoir ná aon ionadaí údaraithe bunaithe san Aontas amháin. Ar mhaithe le dliteanas a threorú ar bhealach éifeachtach i leith monaróirí, allmhaireoirí, ionadaithe údaraithe agus soláthraithe seirbhíse comhlíonta, níor cheart go bhféadfaí dáileoirí a chur faoi dhliteanas ach i gcás ina mainníonn siad oibreoir eacnamaíoch ábhartha atá bunaithe san Aontas a shainaitheint go pras amháin.

- (28) Tá fás tagtha ar dhíolachán ar líne ar bhonn leanúnach comhsheasmhach, rud a chruthaigh samhlacha nua gnó agus gníomhaithe nua sa mhargadh amhail ardáin ar líne. Rialaítear le [Rialachán [.../...]] maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha)] agus [Rialachán [.../...]] maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí], *inter alia*, freagracht agus cuntasacht ardán ar líne i dtaca le hábhar neamhdhleathach, táirgí san áireamh. I gcás go bhfeidhmíonn ardáin ar líne ról an mhonaróra, an allmhaireora nó an dáileora maidir le táirge lochtach, ba cheart go mbeadh siad faoi dhliteanas ar na téarmaí céanna le hoibreoirí eacnamaíocha den sórt sin. Nuair nach mbíonn ach ról idirmheánach ag ardáin ar líne i ndíol táirgí idir trádálaithe agus tomhaltóirí, cumhdaítear iad le díolúine ó dhliteanas coinníollach faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Mar sin féin, bunaítear leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha nach bhfuil ardáin ar líne a cheadaíonn do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le trádálaithe díolmhaithe ó dhliteanas faoi dhlí cosanta tomhaltóirí i gcás ina gcuireann siad an táirge i láthair nó ina gchumasaíonn siad an t-idirbheart sonrach atá i gceist ar bhealach eile a d'fhágfadh go gcreidfeadh gnáth-thomhaltóir go soláthraíonn an t-ardán ar líne féin nó trádálaí atá ag gníomhú faoina údarás nó faoina rialú an táirge. I gcomhréir leis an bprionsabal sin, nuair a chuireann ardáin ar líne an táirge i láthair nó nuair a chumasaíonn siad an t-idirbheart sonrach ar shlí eile, ba cheart go bhféadfaí iad a chur faoi dhliteanas, ar an mbealach céanna le dáileoirí faoin Treoir seo. Ciallaíonn sé sin nach mbeidís faoi dhliteanas ach amháin nuair a thíolacann siad an táirge nó nuair a chumasaíonn siad an t-idirbheart sonrach ar shlí eile, agus i gcás ina dteipeann ar an ardán ar líne oibreoir eacnamaíoch ábhartha atá bunaithe san Aontas a shainaitheint go pras.
- (29) San aistriú ó gheilleagar líneach go geilleagar ciorclach, tá táirgí ceaptha le bheith níos marthanaí, níos in-athúsáidte, níos indeisithe agus níos in-uasghrádaithe. Tá bealaí nuálacha agus inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltais á gcur chun cinn ag an Aontas freisin, ar bealaí iad lena gcuirtear fad le feidhmiúlacht táirgí agus comhpháirteanna, amhail athmhonarú, athchóiriú agus deisiú⁴⁷. Ina theannta sin, is féidir modhnuithe a dhéanamh ar tháirgí trí mhionathruithe ar bhogearraí, lena n-áirítear uasghrádú. I gcás ina modhnaítear táirge go substaintiúil gan neart ag an monaróir bunaidh go air, meastar gur táirge nua é agus ba cheart go bhféadfaí an duine a rinne an modhnú substaintiúil a chur faoi dhliteanas mar mhonaróir an táirge mhodhnaithe, ós rud é,

⁴⁶ Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh agus comhlíontacht táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

⁴⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach chun Eoraip níos glaine agus níos iomaíche a bhaint amach, COM/2020/98 final.

faoi reachtaíocht ábhartha an Aontais, gurb iad atá freagrach as comhlíonadh na gceanglas sábháilteachta ag an táirge. Cinntear cé acu atá nó nach bhfuil modhnú substaintiúil ann de réir na gcritéar a leagtar amach i reachtaíocht sábháilteachta ábhartha an Aontais agus náisiúnta, amhail modhnuithe lena n-athraítear na bunfheidhmeanna beartaithe nó lena ndéantar difear do chomhlíonadh na gceanglas sábháilteachta is infheidhme ag an táirge. Ar mhaithe le cionroinnt chóir rioscaí sa gheilleagar ciorclach, ba cheart oibreoir eacnamaíoch a dhéanann modhnú substaintiúil a dhíolmhú ó dhliteanas más féidir leis a chruthú go mbaineann an damáiste le cuid den táirge nach ndéanann an modhnú difear dó. Níor cheart oibreoirí eacnamaíocha a dhéanann deisiúcháin nó oibríochtaí eile nach mbaineann modhnuithe substaintiúla leo a bheith faoi réir dliteanais faoin Treoir seo.

- (30) I bhfianaise an dliteanais a fhorchuirtear ar oibreoirí eacnamaíocha beag beann ar an locht, agus d'fhonn cionroinnt chothrom riosca a bhaint amach, ba cheart go mbeadh an dualgas ar an duine díobháilaithe a éilíonn cúiteamh as damáiste de bharr táirge lochtach, an damáiste, locht an táirge agus an nasc cúisíoch idir an dá rud a chruthú. Is minic, áfach, go mbíonn daoine díobháilaithe faoi mhíbhuntáiste suntasach i gcomparáid le monaróirí maidir le rochtain ar fhaisnéis faoin dóigh ar táirgeadh táirge agus faoin dóigh a n-oibríonn sé agus an fhaisnéis sin a thuiscint. Leis an neamhshiméadracht faisnéise sin féadfar an bonn a bhaint de chionroinnt chothrom an riosca, go háirithe i gcásanna a bhaineann le castacht theicniúil nó eolaíoch.
- (31) Is gá, dá bhrí sin, rochtain na n-éilitheoirí ar fhianaise a úsáidfear in imeachtaí dlíthiúla a éascú, ag áirithiú go mbeidh an rochtain sin teoranta don mhéid atá riachtanach agus comhréireach, agus go gcosnaítear faisnéis rúnda agus rúin trádála. Ba cheart go gcuimseofaí i bhfianaise den sórt sin doiciméid a chaithfidh an cosantóir a chruthú ex novo tríd an bhfianaise atá ar fáil a thiomsú nó a aicmiú.
- (32) Maidir le rúin trádála de réir bhrí Threoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁸, ba cheart a thabhairt na cúirteanna náisiúnta a chumhachtú chun bearta sonracha a ghlacadh chun rúndacht rúin trádála a áirithiú le linn na n-imeachtaí agus ina ndiaidh, agus cothromaíocht chóir chomhréireach á baint amach idir leas shealbhóir an rúin trádála maidir le rúndacht agus leas an duine dhíobháilaithe. Ba cheart go n-áireofaí leis sin bearta ar a laghad chun rochtain ar dhoiciméid ina bhfuil rúin trádála nó rúin trádála líomhnaithe agus rochtain ar éisteachtaí a shrianadh do líon teoranta daoine, nó chun rochtain ar dhoiciméid atheagraithe nó ar thras-scríbhinní éisteachtaí a cheadú. Agus cinneadh á dhéanamh faoi bhearta den sórt sin, ba cheart do chúirteanna náisiúnta an méid seo a leanas a chur san áireamh: (i) an gá leis an gceart ann chun leighis éifeachtaigh agus leis an gceart chun trialach córa a áirithiú; (ii) leasanna dlisteanacha na páirtithe agus, i gcás inarb iomchuí, leasanna dlisteanacha tríú páirtithe; agus (iii) aon díobháil fhéideartha do cheachtar de na páirtithe, agus, i gcás inarb iomchuí, do thríú páirtithe, de thoradh ar bhearta den sórt sin a dheonú nó a dhiúltú.
- (33) Is gá freisin dualgas cruthúnais an éilitheora a mhaolú ar an gcoinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe. Is sásra comhchoiteann iad toimhdí infhrisnéise fírice chun deacrachtaí fianaiseacha éilitheora a mhaolú, agus gcuirtear ar chumas cúirte leo a shuíomh go bhfuil easnamh nó nasc cúisíoch ann ar fhíoras eile atá

⁴⁸ Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint faisnéise neamhnocta agus faisnéis ghnó (rúin trádála) i gcoinne a n-éadála, úsáide agus a nocta neamhdhleathaigh (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1).

cruthaithe, agus cearta an chosantóra á gcaomhnú. Chun dreasacht a thabhairt chun an oibleagáid maidir le faisnéis a nochtadh a chomhlíonadh, ba cheart go nglacfaid na cúirteanna náisiúnta le héifeachtacht táirge i gcás nach gcomhlíonann cosantóir oibleagáid den sórt sin. Glacadh go leor ceanglais reachtacha agus éigeantacha sábháilteachta chun tomhaltóirí agus an pobal a chosaint ar an mbaol díobhála. Chun an dlúthghaol idir na rialacha sábháilteachta táirgí agus na rialacha dliteanais a threisiú, ba cheart go mbeadh toimhde na lochtachta mar thoradh ar neamhchomhlíonadh na gceanglas sin. Áirítear leis sin cásanna nach bhfuil na modhanna chun faisnéis a logáil faoi oibriú an táirge feistithe sa táirge mar a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. Ba cheart feidhm a bheith leis sin freisin maidir le mífheidhm fhollasach, amhail buidéal gloine a phléascann le linn gnáthúsáide, ós ualach gan ghá é a éileamh ar éilitheoir lochtacht a chruthú i gcás cúinsí nach bhfuil aon amhras ann ach gur ann don locht.

- (34) Ba cheart do na cúirteanna náisiúnta a thoimhdiú freisin go bhfuil locht táirge nó an nasc cúisíoch idir an damáiste agus an lochtacht, nó an dá rud, i gcás, d'ainneoin nochtadh faisnéise an chosantóra, go mbeadh sé thar a bheith deacair don éilitheoir, mar gheall ar chastacht theicniúil nó eolaíoch an cháis, a lochtacht nó a nasc cúisíoch, nó an dá rud, a chruthú. I gcásanna den sórt sin, dhéanfaí dochar d'éifeachtacht an chirt chun cúitimh i gcás go n-éileofaí cruthúnas. Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil saeolas ag monaróirí agus go bhfuil níos mó eolais acu ná an duine díobháilaithe, ba cheart gur fúthusan a bheadh sé an toimhde a bhréagnú. Ba cheart do chúirteanna náisiúnta castacht theicniúil nó eolaíoch a chinneadh ar bhonn gach cáis faoi leith, agus tosca éagsúla á gcur san áireamh. Ba cheart cineál casta an táirge, amhail feiste leighis nuálach, a chur san áireamh sna tosca sin; cineál casta na teicneolaíochta a úsáidtear, amhail meaisínfhoghlaim; cineál casta na faisnéise agus na sonraí ar a ndéanfaidh an t-éilitheoir anailís; agus cineál casta an naisc chúisíoch, amhail nasc idir táirge cógaisíochta nó bia agus tosú riochta sláinte, nó nasc, a mbeadh ar an éilitheoir, oibriú inmheánach chóras IS a mhíniú chun é a chruthú. Ba cheart do na cúirteanna náisiúnta measúnú a dhéanamh ar dheacrachtaí iomarcacha de réir an cháis freisin. Cé gur cheart d'éilitheoir argóintí a thabhairt chun deacrachtaí iomarcacha a léiriú, níor cheart go mbeadh cruthúnas ar dheacrachtaí den sórt sin ag teastáil. Mar shampla, in éileamh a bhaineann le córas IS, níor cheart go n-éileofaí ar an éilitheoir, chun go gcinneadh an chúirt go bhfuil deacrachtaí iomarcacha ann, tréithe sonracha an chórais IS a mhíniú ná conas a dhéantar níos deacra é leis na tréithe sin an nasc cúisíoch a bhunú. Ba cheart go mbeadh an deis ag an gcosantóir cur in éadan deacrachtaí iomarcacha a bheith ann.
- (35) Chun cionroinnt chothrom riosa a choinneáil, agus chun freaschur an dualgais cruthúnais a sheachaint, ba cheart go gceanglófaí, mar sin féin, ar éilitheoir, chun tairbhe a bhaint as an toimhde, a léiriú, ar bhonn fianaise atá sách ábhartha, gur dócha, i gcás ina mbaineann deacrachtaí an éilitheora le lochtacht a chruthú, go raibh an táirge lochtach, nó, i gcás ina mbaineann deacrachtaí an éilitheora leis an nasc cúisíoch a chruthú, gur dócha go mbeadh a lochtacht ina cúis leis an damáiste.
- (36) Ar mhaithe le cionroinnt chothrom riosca, ba cheart oibreoirí eacnamaíocha a dhíolmhú ó dhliteanas más féidir leo a chruthú go bhfuil imthosca sonracha um shaoradh ann. Níor cheart go mbeadh siad faoi dhliteanas i gcás gur féidir leo a chruthú gur gurb é duine seachas iad féin ba chúis leis an táirge an próiseas monaraíochta a fhágáil in aghaidh a dtola nó gurbh é comhlíonadh na rialachán éigeantach an chúis ba mhó le lochtacht an táirge.

- (37) Is é an nóiméad a chuirtear an táirge ar an margadh nó i seirbhís an nóiméad a fhágann an táirge rialú an mhonaróra de ghnáth, agus i gcás dáileoirí is é an nóiméad a chuireann siad an táirge ar fáil ar an margadh. Dá bhrí sin, ba cheart monaróirí a dhíolmhú ó dhliteanas i gcás ina gcruthaíonn siad gur dócha nach raibh an lochtacht ba chúis leis an damáiste ann nuair a chuir siad an táirge ar an margadh nó nuair a chuir siad i seirbhís é nó nuair a tháinig sé i bhfeidhm i ndiaidh an nóiméid sin. Ós rud é, le teicneolaíochtaí digiteacha, gur féidir le monaróirí rialú a fheidhmiú taobh amuigh den nóiméad a chuirtear an táirge ar an margadh nó a chuirtear i seirbhís, áfach, ba cheart do mhonaróirí a bheith faoi dhliteanas i gcónaí as a lochtacht a thagann chun cinn i ndiaidh an nóiméid sin mar thoradh ar bhogearraí nó ar sheirbhísí gaolmhara atá faoina rialú, bíodh sé i bhfoirm uasghráduithe nó nuashonruithe nó algartaim mheaisínfhoghlama. Ba cheart bogearraí nó seirbhísí gaolmhara den sórt sin a mheas laistigh de smacht an mhonaróra i gcás ina soláthraíonn an monaróir sin iad nó i gcás ina n-údaráíonn an monaróir sin iad nó go n-imríonn tionchar sé tionchar ar shlí eile ar a soláthar ag tríú páirtí.
- (38) Maidir leis an bhféidearthacht atá ann d'oibreoirí eacnamaíocha dliteanas a sheachaint trína chruthú gur tharla an locht i ndiaidh dóibh an táirge a chur ar an margadh nó a chur i seirbhís, ba cheart í a theorannú freisin nuair a bhaineann locht an táirge leis an easpa nuashonruithe nó uasghráduithe bogearraí atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí na cibearshlándála agus chun sábháilteacht an táirge a choimeád. Is féidir le leochaileachtaí den sórt sin dul i gcion ar tháirge ar shlí ina ndéanann sé damáiste de réir bhrí na Treorach seo. Mar aitheantas do fhreagrachtaí na monaróirí faoi dhlí an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí le linn a saolré, amhail faoi Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁹, ba cheart monaróirí a bheith faoi dhliteanas freisin i leith damáiste a thioctadh chun cinn as a mainneachtain nuashonruithe nó uasghráduithe slándála bogearraí a sholáthar, ar nuashonruithe nó uasghráduithe iad atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí an táirge mar fhreagairt ar rioscaí cibearshlándála atá ag teacht chun cinn. Níor cheart feidhm a bheith ag dliteanas den sórt sin i gcás nach bhfuil neart ag an monatóir ar sholáthar nó ar shuiteáil bogearraí den sórt sin, mar shampla i gcás nár shuiteáil úinéir an táirge nuashonrú nó uasghrádú arna sholáthar chun leibhéal sábháilteachta an táirge a áirithiú nó a choimeád.
- (39) Ar mhaithe le cionroinnt chothrom riosca, ba cheart monaróirí a dhíolmhú ó dhliteanas freisin má chruthaíonn siad go bhfuil staid an eolais eolaíoch agus theicniúil, arna cinneadh faoi threoir an leibhéil is airde d'eolas oibiachtúil is féidir a rochtain agus ní ar eolas iarbhír an mhonaróra lena mbaineann, fad is a bhí an táirge faoina rialú de chineál nach bhféadfaí teacht ar lochtacht ann.
- (40) D'fhéadfadh cásanna teacht chun cinn ina bhfuil dhá pháirtí nó níos mó faoi dhliteanas i leith an damáiste chéanna, go háirithe i gcás ina ndéanfaí comhpháirt lochtach a chomhtháthú i dtáirge a dhéanadh damáiste. I gcás den sórt sin, ba cheart go mbeadh an duine díobháilithe ábalta cúiteamh a lorg ón monaróir a chomhtháthaigh an chomhpháirt lochtach ina tháirge agus ó mhonaróir na comhpháirte lochtaí féin. Chun cosaint tomhaltóirí a áirithiú, ba cheart do na páirtithe uile a bheith faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i gcásanna den sórt sin.

⁴⁹ Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).

- (41) D'fhéadfadh cásanna teacht chun cinn ina gcuirfeadh gníomhartha agus neamhghníomhartha daoine seachas oibreoir eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith faoi dhliteanas, sa bhreis ar lochtacht an táirge, le cúis an damáiste a rinneadh, amhail tríú páirtí a bhainfeadh leas as leochaileacht chibearshlándála táirge. Ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí, i gcás ina bhfuil táirge lochtach, mar shampla i ngeall ar leochaileacht a fhágann nach bhfuil an táirge chomh sábháilte lena bhfuil an pobal i gcoitinne i dteideal a bheith ag súil, níor cheart dliteanas an oibreora eacnamaíoch a laghdú mar thoradh ar ghníomhartha nó neamhghníomhartha den sórt sin. Ba cheart, áfach, go mbeifí ábalta dliteanas an oibreora eacnamaíoch a laghdú nó a dhícheadú i gcás inar chuir daoine díobháilithe le cúis an damáiste go faillioch iad féin.
- (42) Bhainfí an bonn de chuspóir na cosanta do thomhaltóirí dá bhféadfaí dliteanas oibreora eacnamaíoch a theorannú nó a eisiamh trí fhorálacha conarthacha. Dá bhrí sin, níor cheart aon mhaoluithe conarthacha a cheadú. Ar an gcúis chéanna, níor cheart go mbeifí ábalta dliteanas a theorannú nó a eisiamh le forálacha an dlí náisiúnta, amhail trí uasteorainneacha airgeadais a leagan síos ar dhliteanas oibreora eacnamaíoch.
- (43) Toisc go dtéann táirgí in aois le himeacht ama, agus go bhforbraítear caighdeáin níos airde sábháilteachta de réir mar a thagann staid na heolaíochta agus na teicneolaíochta chun cinn, bheadh sé míréasúnta monaróirí a chur faoi dhliteanas ar feadh tréimhse neamhtheoranta ama mar gheall ar lochtacht a gcuid táirgí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an dliteanas faoi réir tréimhse réasúnta ama, is é sin 10 mbliana i ndiaidh táirge a chur ar an margadh, gan dochar d'éilimh atá ar feitheamh in imeachtaí dlíthiúla. D'fhonn an fhéidearthacht um chúiteamh a dhiúltú go míréasúnta a sheachaint, ba cheart go mairfeadh an tréimhse teorann 15 bliana i gcásanna ina bhfuil siomptóim díobhála pearsanta ag teacht chun cinn go mall de réir fianaise leighis.
- (44) Ós rud é gur táirgí nua go bunúsach iad táirgí a mhionathraítear go substaintiúil, ba cheart an tréimhse teorann a atosú i ndiaidh táirge a mhionathrú go substaintiúil, mar shampla, mar thoradh ar athmhonarú, ar táirgí iad lena mionathraítear táirge ar bhealach lena bhféadfaí dul i gcion ar chomhlíonadh na gceanglas sábháilteachta is infheidhme.
- (45) Chun léirmhíniú comhchuibhithe ar an Treoir seo ag cúirteanna náisiúnta a éascú, ba cheart go gceanglófaí ar na Ballstáit breithiúnais ábhartha chúirte a fhoilsiú maidir le dliteanas táirgí.
- (46) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir seo. De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearn⁵⁰, ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar chúig chritéar mar atá éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE agus ba cheart í a bheith mar bhonn le measúnuithe tionchair ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ar mhaithe le deimhneacht dlíthiúil, níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais nó a chuirtear i seirbhís ar mhargadh an Aontais roimh dháta a trasú. Is gá foráil a dhéanamh i leith socruithe idirthréimhseacha chun dliteanas leanúnach a áirithiú faoi Threoir 85/374/CEE i leith damáiste arb iad táirgí lochtacha a cuireadh ar an margadh nó a cuireadh i seirbhís roimh an dáta sin is cúis leis.

⁵⁰ Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearn an 13 Aibreán 2016 (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

- (47) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, is iad sin feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, iomaíocht neamhshaofa agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú, a bhaint amach go leordhóthanach mar gheall ar chineál uile-Aontais an mhargaidh in earraí agus gur fearr, de bharr éifeachtaí comhchuibhithe na gcomhrialacha maidir le dliteanas, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Treoir seo, leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir le dliteanas oibreoirí eacnamaíocha i leith damáiste a bhaineann do dhaoine nádúrtha mar thoradh ar tháirgí lochtacha.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le táirgí a chuirtear ar an margadh nó a chuirtear i seirbhís i ndiaidh an [IO, cuir isteach an dáta: 12 mhí i ndiaidh teacht i bhfeidhm].
2. Ní bheidh feidhm ag an Treoir maidir le damáiste a thagann as timpistí núicléacha, a mhéid a chumhdaítear dliteanas i leith damáiste den sórt sin le coinbhinsiúin idirnáisiúnta arna ndaingniú ag na Ballstáit.
3. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) infheidhmeacht dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679, Treoir 2002/58/CE, agus Treoir (AE) 2016/680;
 - (b) rialacha náisiúnta a bhaineann leis an gceart chun ranníochta nó an ceart chun cúláraigh idir dhá oibreoir eacnamaíocha nó níos mó atá faoi dliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach de bhun Airteagal 11 nó i gcás inarb é táirge lochtach, agus gníomh nó neamhghníomh tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 12, is cúis leis an damáiste;
 - (c) aon chearta a d'fhéadfadh a bheith ag duine díobháilte faoi rialacha náisiúnta a bhaineann le dliteanas conarthach nó a bhaineann le dliteanas neamhchonarthach ar fhoras seachas lochtacht táirge, lena n-áirítear rialacha náisiúnta lena gcuirtear dlí an Aontas chun feidhme, amhail [an Treoir maidir le Dliteanas IS];

- (d) aon chearta a d'fhéadfadh a bheith ag duine díobháilte faoi aon chóras dliteanais speisialta a bhí sa dlí náisiúnta an 30 Iúil 1985.

Airteagal 3

Leibhéal an chomhchuibhithe

Ní choinneoidh na Ballstáit forálacha ar bun ná ní thabharfaidh siad forálacha isteach ina ndlí náisiúnta, ar forálacha iad nach bhfuil i gcomhréir leis na cinn a leagtar síos sa Treoir seo, lena n-áirítear forálacha a bheadh níos déine nó nach mbeadh chomh dian céanna chun leibhéal eile cosanta tomhaltóra a bhaint amach, mura bhforáiltear dá mhalairt sa Treoir seo.

Airteagal 4

Sainmhínithe

Chun críoch na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “táirge” gach maoin inchorraithe, fiú má tá siad comhtháite isteach i dtáirge eile nó in ábhar dochorraithe. Clúdaítear faoi “táirge” leictreachas, comhaid agus bogearraí monaraíochta digítí;
- (2) ciallaíonn “comhad monaraíochta digítí” leagan digiteach nó teimpléad digiteach de mhaoin inchorraithe;
- (3) ciallaíonn “comhpháirt” aon earra, cibé acu earra inláimhsithe nó doláimhsithe, nó aon seirbhís ghaolmhar, a dhéanann monaróir an táirge sin a chomhtháthú i dtáirge, nó a dhéanann an monaróir sin a idirnascadh leis an táirge sin nó atá faoi smacht an mhonaróra sin;
- (4) ciallaíonn “seirbhís ghaolmhar” seirbhís dhigiteach a chomhtháthaítear i dtáirge, nó atá idirnasctha le táirge, ar bhealach a chuirfeadh éagmais na seirbhíse sin cosc ar an táirge ceann amháin nó níos mó dá chuid feidhmeanna a dhéanamh;
- (5) ciallaíonn “rialú an mhonaróra” go n-údaráíonn monaróir táirge a) comhtháthú, idirnascadh nó soláthar comhpháirte ag tríú páirtí, lena n-áirítear nuashonruithe nó uasghráduithe bogearraí, nó b) mionathrú ar an táirge;
- (6) ciallaíonn “damáiste” cailteanais ábhartha de thoradh ar an méid seo a leanas:
 - (a) bás nó díobháil phearsanta, lena n-áirítear díobháil do shláinte shíceolaíoch a aithnítear ó thaobh leighis de;
 - (b) díobháil d’aon mhaoin nó scriosadh aon mhaoine, cé is moite de:
 - (i) an táirge lochtach féin;
 - (ii) táirge a ndearna comhpháirt lochtach den táirge sin damáiste dó;
 - (iii) maoin a úsáidtear chun críocha gairmiúla amháin;
 - (c) cailteanas nó éilliú sonraí nach n-úsáidtear chun críocha gairmiúla amháin;
- (7) ciallaíonn ‘sonraí’ sonraí mar a shainítear i bpointe (1) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵¹;

⁵¹ Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) (IO L 152, 3.6.2022, lch. 1).

- (8) ciallaíonn "cur ar an margadh" táirge a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais den chéad uair;
- (9) ciallaíonn "cur ar fáil ar an margadh" táirge a sholáthar lena dháileadh, lena thomhailt nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce;
- (10) ciallaíonn "cur i seirbhís" an chéad úsáid a bhaintear as táirge san Aontas le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce, in imthosca nár cuireadh an táirge ar an margadh sular úsáideadh den chéad uair é;
- (11) ciallaíonn "monaróir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann táirge a fhorbairt, a mhonarú nó a tháirgeadh, nó a dhéantar táirge a dhearadh nó a mhonarú dó, nó a mhargaíonn an táirge sin, faoina ainm nó faoina thrádmharc, nó a dhéanann táirge a fhorbairt, a mhonarú nó a tháirgeadh dá úsáid féin;
- (12) ciallaíonn "ionadaí údaraithe" aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte aige ó mhonaróir gníomhú thar a cheann maidir le cúraimí sonraithe;
- (13) ciallaíonn "allmhaireoir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus a chuireann táirge ó thrú tír ar mhargadh an Aontais;
- (14) ciallaíonn "soláthraí seirbhíse comhlíonta" aon duine nádúrtha nó dlítheanach a thairgeann, le linn gníomhaíocht tráchtála, dhá cheann ar a laghad de na seirbhísí seo a leanas: trádstóráil, pacáistiú, seolachán agus seoladh táirge, gan úinéireacht a bheith aige ar an táirge, seachas i gcás na seirbhísí poist mar a shainítear in Airteagal 2, pointe (1) de Threoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵², seirbhísí seachadta beartán mar a shainítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2018/644 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵³, agus aon seirbhís poist nó seirbhís iompair lastais eile;
- (15) ciallaíonn "dáileoir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach sa slabhra soláthair, seachas an monaróir nó an t-allmhaireoir, ar duine é a chuireann táirge ar fáil ar an margadh;
- (16) ciallaíonn "oibreoir eacnamaíoch" monaróir táirge nó comhpháirte, soláthraí seirbhíse gaolmhaire, ionadaí údaraithe, allmhaireoir, soláthraí seirbhíse comhlíonta nó dáileoir;
- (17) ciallaíonn "ardán ar líne" ardán ar líne mar a shainítear i bpointe (h) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (An Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha)⁺.

⁵² Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le comhrialacha chun an margadh inmheánach Comhphobail i seirbhísí poist a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú (IO L 15, 21.1.1998, lch. 14).

⁵³ Rialachán (AE) 2018/644 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le seirbhísí seachadta beartán trasteorann (IO L 112, 2.5.2018, lch. 19).

⁺ OP: Cuir isteach sa téacs uimhir na Treorach atá i ndoiciméad PE-CONS 30/22 (2020/0361 (COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.

CAIBIDIL II

Forálacha sonracha maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha

Airteagal 5

An ceart chun cúiteamh a fháil

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aon duine nádúrtha a mbaineann damáiste dó de bharr táirge lochtach (“an duine díobháilte”) i dteideal cúiteamh a fháil i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sa Treoir seo.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na daoine seo a leanas éilimh ar chúiteamh de bhun mhír 1 a dhéanamh freisin:
 - (a) duine ar éirigh leis, nó a seacháíodh, maidir le ceart an duine dhíobháilte de bhua dlí nó conartha; nó
 - (b) duine atá ag gníomhú thar ceann duine díobháilte amháin nó níos mó i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.

Airteagal 6

Lochtacht

1. Measfar go bhfuil táirge lochtach nuair nach gcuireann sé an tsábháilteacht ar fáil a bhfuil an pobal i gcoitinne i dteideal a bheith ag súil léi, agus na himthosca uile á gcur san áireamh, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
 - (a) cur i láthair an táirge, lena n-áirítear na treoracha maidir le suiteáil, le húsáid agus le cothabháil;
 - (b) úsáid agus mí-úsáid an táirge is intuartha le réasún;
 - (c) an éifeacht ar an táirge atá ag aon chumas leanúint ar aghaidh ag foghlaim i ndiaidh a úsáide;
 - (d) an éifeacht ar tháirge táirgí eile a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go n-úsáidí iad in éineacht leis an táirge;
 - (e) an nóiméad a cuireadh an táirge ar an margadh nó i seirbhís nó, i gcás ina gcoimeádann an monaróir smacht ar an táirge i ndiaidh an nóimeid sin, an nóiméad a d’fhág an táirge rialú an mhonaróra;
 - (f) ceanglais sábháilteachta táirgí, lena n-áirítear ceanglais maidir le cibearshláid a bhaineann le sábháilteacht;
 - (g) aon idirghabháil arna déanamh ag údarás rialála nó ag oibreoir eacnamaíoch dá dtagraítear in Airteagal 7 a bhaineann le sábháilteacht táirgí;
 - (h) ionchais shonracha na n-úsáideoirí deiridh dá bhfuil an táirge beartaithe.
2. Ní mheasfar go bhfuil táirge lochtach ar an aon chúis amháin gur cuireadh táirge níos fearr, lena n-áirítear nuashonruithe nó uasghráduithe ar tháirge, ar an margadh nó i seirbhís cheana féin nó ina dhiaidh sin.

Airteagal 7

Oibreoirí eacnamaíocha atá faoi dhliteanas i leith táirgí lochtacha

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir monaróir táirge lochtaigh a chur faoi dhliteanas i leith damáiste a dhéanann an táirge sin.
Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina raibh comhpháirt lochtach ina chúis leis an táirge a bheith lochtach, go bhféadfar monaróir comhpháirte lochtaí a chur faoi dhliteanas freisin i leith an damáiste chéanna.
2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil monaróir an táirge lochtaigh bunaithe lasmuigh den Aontas, go bhféadfar allmhaireoir an táirge lochtaigh agus ionadaí údaraithe an mhonaróra a chur faoi dhliteanas i leith aon damáiste arb é an táirge sin is cúis leis.
3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil monaróir an táirge lochtaigh bunaithe lasmuigh den Aontas agus nach bhfuil ceachtar de na hoibreoirí eacnamaíocha dá dtagraítear i mír 2 bunaithe san Aontas, go bhféadfar an soláthraí seirbhíse comhlíonta a chur faoi dhliteanas i leith aon damáiste arb é an táirge lochtach is cúis leis.
4. Maidir le haon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhionathraíonn táirge a cuireadh ar an margadh nó i seirbhís cheana, measfar gur monaróir an táirge é nó í chun críocha mhír 1, i gcás ina meastar gur mionathrú substaintiúil é an mionathru faoi rialacha ábhartha an Aontais nó faoi rialacha ábhartha náisiúnta maidir le sábháilteacht táirgí agus i gcás ina ndéantar lasmuigh de smacht an mhonaróra bhunaidh.
5. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás nach féidir monaróir a shainaithint faoi mhír 1 nó, i gcás ina bhfuil an monaróir bunaithe lasmuigh den Aontas, nach bhféadfar oibreoir eacnamaíoch a shainaithint faoi mhír 2 nó faoi mhír 3, gur féidir gach dáileoir den táirge a chur faoi dhliteanas sna cásanna seo a leanas:
 - (a) iarrann an t-éilitheoir go ndéanfaidh an dáileoir sin an t-oibreoir eacnamaíoch nó an duine a sholáthair an táirge don dáileoir a shainaithint; agus
 - (b) mainníonn an dáileoir an t-oibreoir eacnamaíoch nó an duine a sholáthair an táirge don dáileoir a shainaithint laistigh de mhí amháin ón iarratas a fháil.
6. Beidh feidhm ag mír 5 freisin maidir le haon soláthraí ardáin ar líne lenar féidir le tomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le trádálaithe agus nach monaróir, allmhaireoir ná dáileoir é, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 6(3) a leagtar amach i Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha)⁺.

Airteagal 8

Nochtadh fianaise

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na cúirteanna náisiúnta a chumhachtú, arna iarraidh sin do dhuine díobhalaithe atá ag éileamh cúitimh i leith damáiste a rinneadh le táirge lochtach (“ an t-éilitheoir”) a chuir fíricí agus fianaise i láthair ar leor iad

⁺ OP: Cuir isteach sa téacs uimhir na Treorach atá i ndoiciméad PE-CONS 30/22 (2020/0361 (COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.

chun tacú le sochreidteacht an éilimh ar chúiteamh, lena ordú don chosantóir fianaise ábhartha atá ar fáil dó a nochtadh.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na cúirteanna náisiúnta teorainn le nochtadh fianaise a mhéid atá riachtanach agus comhréireach chun tacú le héileamh dá dtagraítear i mír 1.
3. Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil an nochtadh comhréireach, breithneoidh na cúirteanna náisiúnta leasanna dlisteanacha na bpáirtithe uile lena mbaineann, lena n-áirítear tríú páirtithe lena mbaineann, go háirithe i ndáil le faisnéis rúnda agus rún trádála a chosaint de réir bhrí Airteagal 2, pointe 1, de Threoir (AE) 2016/943.
4. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina n-ordófar do chosantóir faisnéis a nochtadh ar rún trádála nó rún ceirde líomhnaithe í, go ndéanfar na cúirteanna náisiúnta a chumhachtú, ar iarratas cuí-réasúnaithe a fháil ó pháirtí nó as a stuaim féin, chun na bearta sonracha is gá a dhéanamh chun rúndacht na faisnéise sin a choinneáil nuair a úsáidfeair í nó nuair a dhéanfar tagairt di le linn na n-imeachtaí dlíthiúla.

Airteagal 9

An dualgas cruthúnais

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gceanglófar ar an éilitheoir lochtacht an táirge, an damáiste a rinneadh agus an nasc cúisíoch idir an lochtach agus an damáiste a chruthú.
2. Toimhdeofar lochtacht an táirge, i gcás ina gcomhlíonfar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) mainnigh an cosantóir oibleagáid a chomhlíonadh maidir le fianaise ábhartha atá ar fáil dó nó di de bhun Airteagal 8(1) a nochtadh;
 - (b) deimhníonn an t-éilitheoir nach gcomhlíonann an táirge na ceanglais éigeantacha maidir le sábháilteachta a leagtar síos i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta agus atá beartaithe chun cosaint a thabhairt ar riosca an damáiste a tharla; nó
 - (c) deimhníonn an t-éilitheoir gur mífheidhm fhollasach an táirge ba chúis leis an damáiste le linn gnáthúsáide nó faoi ghnáthchúinsí.
3. Toimhdeofar go bhfuil nasc cúisíoch idir lochtacht an táirge agus an damáiste, i gcás ina suífeair go bhfuil an táirge lochtach agus gur de chineál atá comhsheasmhach de ghnáth leis an locht atá i gceist an damáiste a rinneadh.
4. I gcás ina mbreithneoidh cúirt náisiúnta go bhfuil deacrachtaí iomarcacha le sárú ag an éilitheoir, mar gheall ar chastacht theicniúil nó eolaíoch, chun lochtacht an táirge nó an nasc cúisíoch idir a lochtacht agus an damáiste a chruthú, toimhdeofar lochtacht an táirge nó an nasc cúisíoch idir a lochtacht agus an damáiste, nó an dá rud, a bheith ann i gcás inar léirigh an t-éilitheoir, ar bhonn fianaise atá sách ábhartha, an méid seo a leanas:
 - (a) gur chuir an táirge leis an damáiste; agus
 - (b) gur dócha go raibh an táirge lochtach nó gur dócha go raibh sé lochtach mar gheall ar an damáiste nó an dá rud.

Beidh sé de cheart ag an gcosantóir agóid a dhéanamh i gcoinne deacrachtaí iomarcacha a bheith ann nó i gcoinne na dóchúlachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

5. Beidh sé de cheart ag an gcosantóir aon cheann de na toimhdí dá dtagraítear i mír 2, i mír 3 agus i mír 4 a bhréagnú.

Airteagal 10

Díolúine ó dhliteanas

1. Ní bheidh oibreoir eacnamaíoch dá dtagraítear in Airteagal 7 faoi dhliteanas i leith damáiste a dhéanann táirge lochtach má chruthaíonn an t-oibreoir eacnamaíoch sin aon cheann díobh seo a leanas:
- (a) i gcás monaróra nó allmhaireora, nár chuir sé an táirge ar an margadh nó nár chuir sé i seirbhís é;
 - (b) i gcás dáileoirí, nár chuir sé an táirge ar fáil ar an margadh;
 - (c) gur dóigh nach raibh an t-easnamh ba chúis leis an damáiste ann nuair a cuireadh an táirge ar an margadh, nuair a cuireadh i seirbhís é nó, maidir le dáileoir, nuair a cuireadh ar fáil ar an margadh é, nó gur tharla an t-easnamh sin i ndiaidh an nóiméid sin;
 - (d) go bhfuil an lochtacht mar thoradh ar chomhlíonadh an táirge maidir le rialacháin éigeantacha arna n-eisiúint ag údaráis phoiblí;
 - (e) i gcás monaróra, nach raibh staid oibiachtúil an eolais eolaíoch agus theicniúil, tráth ar cuireadh an táirge ar an margadh nó ar cuireadh i seirbhís é nó sa tréimhse ina raibh an táirge faoi smacht an mhonaróra, de shórt a d'fhágfadh go bhféadfaí an t-easnamh a aimsiú;
 - (f) i gcás monaróra comhpháirte lochtaí dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 7(1), an dara fomhír, go bhfuil lochtacht an táirge inchurtha i leith dhearadh an táirge inar comhtháthaíodh an chomhpháirt nó i leith na dtreoracha a thug monaróir an táirge do mhonaróir na comhpháirte; nó
 - (g) i gcás duine a mhodhnaíonn táirge dá dtagraítear in Airteagal 7(4), go mbaineann an lochtachas ba chúis leis an damáiste le cuid den táirge nach ndearna an modhnú difear di.
2. De mhaolú ar phointe (c) de mhír 1, ní dhíolmhófar oibreoir eacnamaíoch ó dhliteanas, i gcás ina bhfuil lochtacht an táirge mar gheall ar cheann ar bith díobh seo a leanas, ar an gcoinníoll go bhfuil sé faoi smacht an mhonaróra:
- (a) seirbhís ghaolmhar;
 - (b) bogearraí, lena n-áirítear nuashonruithe nó uasghráduithe bogearraí; nó
 - (c) an easpa nuashonruithe nó uasghráduithe bogearraí is gá chun sábháilteacht a choimeád.

CAIBIDIL III

Forálacha ginearálta maidir le dliteanas

Airteagal 11

Dlitéanas oibreoirí eacnamaíocha iomadúla

I gcás ina bhfuil dhá oibreoir eacnamaíocha nó níos mó faoi dhliteanas i leith an damáiste chéanna de bhun na Treorach seo, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar iad a chur faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach.

Airteagal 12

Laghdú ar dhliteanas

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach laghdófar dliteanas oibreora eacnamaíoch i gcás gurb é lochtacht táirge agus dliteanas tríú páirtí is cúis leis an damáiste.
2. Féadfar dliteanas oibreora eacnamaíoch a laghdú nó a dhíchheadú i gcás gurb é lochtacht an táirge agus locht an duine díobhálaithe nó aon duine a bhfuil an duine díobhálaithe freagrach as is cúis leis an damáiste.

Airteagal 13

Dlitéanas a eisiámh nó a theorannú

Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar dliteanas an oibreora eacnamaíoch de bhun na Treorach seo a theorannú nó a eisiámh, maidir leis an duine díobhálaithe, le foráil chonarthathe nó leis an dlí náisiúnta.

Airteagal 14

Tréimhsí teorann

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh tréimhse teorann 3 bliana i bhfeidhm maidir le himeachtaí a thionscnamh le haghaidh cúiteamh a éileamh i leith damáiste a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo. Tosóidh an tréimhse teorann ón lá ar tháinig an duine díobhálaithe ar an eolas, nó ar cheart le réasún gur tháinig sé nó sí ar an eolas, faoin méid seo a leanas ar fad:
 - (a) an damáiste;
 - (b) an lochtacht;
 - (c) aitheantas an oibreora eacnamaíoch ábhartha ar féidir é a chur faoi dhliteanas i leith an damáiste i gcomhréir le hAirteagal 7.

Ní rachfar i gcion leis an Treoir seo ar dhlíthe na mBallstát lena rialaítear fionraí nó briseadh na tréimhse teorann dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na cearta a thugtar don duine díobhálaithe de bhun na Treorach seo a chealú ar dhul in éag na tréimhse teorann 10 mbliana ón dáta ar cuireadh an táirge lochtach iarbhír ba chúis leis an damáiste ar an margadh, ar cuireadh i seirbhís é nó ar mionathraíodh go substaintiúil é mar a thagraítear in Airteagal 7(4), murar thionscain éilitheoir, idir an dá linn, imeachtaí os comhair

cúirte náisiúnta i gcoinne oibreoir eacnamaíoch a d'fhéadfaí a chur faoi dhliteanas de bhun Airteagal 7.

3. Mar eisceacht ar mhír 2, i gcás nach mbeidh duine díobháilithe ábalta imeachtaí a thionscnamh laistigh de 10 mbliana de bharr folacht díobhála pearsanta, cealófar na cearta a thugtar don duine díobháilithe de bhun na Treorach seo ar dhul in éag do thréimhse teorann 15 bliana.

CAIBIDIL IV

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 15

Trédhearcacht

1. Foilseoidh na Ballstáit, i bhformáid leictreonach a mbeidh rochtain éasca uirthi, aon bhreithiúnas críochnaitheach a thabharfaidh a gcúirteanna náisiúnta i ndáil le himeachtaí a sheolfar de bhun na Treorach seo chomh maith le breithiúnais chríochnaitheacha ábhartha eile maidir le dliteanas táirgí. Déanfar an foilsiú gan mhoill nuair a thabharfar fógra faoin mbreithiúnas iomlán i scríbhinn do na páirtithe.
2. Féadfaidh an Coimisiún bunachar sonraí ina mbeidh na breithiúnais dá dtagraítear i mír 1 a chur ar bun agus a choimeád.

Airteagal 16

Athbhreithniú

Déanfaidh an Coimisiún faoin [IO, cuir isteach an dáta: 6 bliana i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na Treorach seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

Airteagal 17

Aisghairm agus foráil idirthréimhseach

1. Aisghairtear Treoir 85/374/CEE le héifeacht ón [IO, cuir isteach an dáta: 12 mhí i ndiaidh teacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Beidh feidhm léi fós, áfach, maidir le táirgí a cuireadh ar an margadh nó a cuireadh i seirbhís roimh an dáta sin.
2. Déanfar tagairtí do Threoir 85/374/CEE a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 18

Trasuíomh

1. Tabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh faoin [IO, cuir isteach an dáta: 12 mhí i ndiaidh teacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhforálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 19

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 20

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle,
An tUachtarán*